



**An Cód Cleachtais um Theanntáil do
Rialaitheoirí
Páirceála & Oibritheoirí Teanntála**

An tÚdarás Náisiúnta Iompair,
Dún Scéine,
Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2,
D02 WT20.

Meán Fómhair 2019.

Clár an Ábhair

Leathanach

1 Réamhrá	1
2 Stádas an Chóid Chleachtais	2
3 Áiteanna Teanntála Reachtúla & Neamhrechtúla	3
4 Rialaitheoirí Páirceála nó Oibritheoirí Teanntála?	4
5 Faisnéis don tionscal	6
5.1 Treoir Phraiticiúil maidir leis an Reachtaíocht Teanntála a Chomhlíonadh	6
5.2 Caighdeáin Iompair, Iompraíocht agus Comhlíonadh Dualgas	38
5.3 Riachtanais Eile	42
6 Eolas don Tiománaí	44
6.1 Úsáid Carrchlóis Phríobháidigh	44
6.2 Páirceáil Sráide	46
6.3 Faisnéis Ghinearálta	46
6.4 Tá d’Fheithicil Teanntaithe / Athlonnaithe - Céard a Tharlóidh Anois?	50
6.5 Cead Páirceála do Dhuine Faoi Mhíchumas- Úsáid & Teorainneacha	54
6.6 Baint Neamhúdairithe Teanntáin	55

1 Réamhrá

De réir Alt 12 (1) den Acht um Theanntáil Feithiclí 2015, tá sé de chumhacht ag an Údarás Náisiúnta Iompair ('an NTA') Cód Cleachtais a bhunú chun:

- Treoir phraiticiúil a chur ar fáil do rialaitheoirí páirceála agus oibritheoirí teanntála maidir leis an Acht agus na rialacháin a ndéantar faoi a chomhlíonadh; agus
- Caighdeán a bhunú maidir le hiompar ginearálta, comhlíonadh dualgas agus iompraíocht:
 - Rialaitheoirí páirceála le linn dóibh a bheith ag déanamh maoirseachta ar obair oibritheoirí teanntála, agus
 - Oibritheoirí teanntála le linn dóibh a bheith i mbun gníomhaíochtaí teanntála.

Dá réir sin, tá an Cód Cleachtais seo do Rialaitheoirí Páirceála agus Oibritheoirí Teanntála curtha le chéile ag an NTA, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tar éis dréacht den chód beartaithe a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin agus na haighneachtaí a fuarthas ina leith a mheas.

Tá sé i gceist go ndéanfaidh an Cód Cleachtais forlíonadh ar an Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015 (an 'tAcht') agus na Rialacháin um Theanntáil Feithiclí agus Chomharthaíocht, 2017 (na 'Rialacháin') agus ba cheart é a léamh in éineacht leo. Má thagann aon neamhréir chun solais, cuirfear forálacha an Achta agus na Rialachán i bhfeidhm.

Foráiltear freisin sna Rialacháin um Theanntáil Feithiclí agus Chomharthaíocht, 2017 do chuid de na ceisteanna a bpléitear leo anseo sa Chód; áit a tharlaíonn sé sin, leagtar amach na forálacha ábhartha chun go mbeidh an léitheoir in ann crostagairt a dhéanamh idir na forálacha.

Ar mhaithe le héascaíocht, úsáidtear an téarmaíocht agus na sainmhínithe atá forordaithe san Acht agus sna Rialacháin ar an dóigh chéanna sa cháipéis seo.

Sa cháipéis seo, áit a n-úsáidtear forainm firinsneach, d'fhéadfadh go dtagródh sé don fhorainm bainsneach chomh maith nó a mhalairt, de réir mar a bheidh.

Beidh éifeacht ag an gCód seo ón **1 Eanáir 2020**.

2 Stádas an Chóid Chleachtais

Bíonn an NTA ag súil leis go gcomhlíonfaidh gach rialaitheoir páirceála agus oibritheoir teanntála forálacha an Aichta, na Rialachán agus an Chóid Chleachtais seo go hiomlán agus chuige sin, oibreoidh an NTA i gcomhar le haon rialaitheoir páirceála nó oibritheoir teanntála a lorgaíonn cúnamh i dtaca leis sin.

Tá cumhachtaí ag an NTA monatóireacht a dhéanamh ar gach ábhar a bhaineann le gníomhaíochtaí teanntála agus a gcomhlíonadh a fhorfheidhmiú, más gá sin, lena n-áirítear na hábhair sin nach bpléitear leo ach amháin sa Chód Cleachtais seo. Is féidir é sin a dhéanamh trí fhógraí maidir le híocaíochtaí seasta a sheirbheáil, Treoracha a eisiúint agus imeachtaí dlí sa Chúirt Chuarda a thionscnamh, mar is iomchuí.

Forálann an tAcht do na cionta / pionóis seo a leanas:

- Foráil phionósach na rialachán teanntála: Fíneáil Aicme C – nach mó ná €2,500
- Comharthaíocht agus rialacháin chomharthaíochta: Fíneáil Aicme C – nach mó ná €2,500
- Muirear a ghearradh atá níos airde ná an muirear atá ar taispeánt ar an gcomhartha: Fíneáil Aicme B– nach mó ná €4,000
- Muirear a ghearradh atá níos airde ná an t-uasmhuirear scaoilte: Fíneáil Aicme B– nach mó ná €4,000
- Comhartha a chur ar fáil a thaispeánann muirear scaoilte atá níos airde ná an t-uasmhuirear scaoilte: Fíneáil Aicme B– nach mó ná €4,000
- Neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le nósanna imeachta le haghaidh achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh de chuid rialaitheoir páirceála agus na rialacháin a bhaineann leis sin: Fíneáil Aicme B– nach mó ná €4,000

3 Áiteanna Teanntála Reachtúla & Neamhreachtúla

Is ionann limistéar teanntála agus láthair ina bhfuil aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas i ngníomh:

- Teanntáil;
- Teanntán a bhaint d'fheithicil;
- Feithicil a athlonnú; nó
- Muirear a ghearradh a bhaineann le teanntán a bhaint d'fheithicil nó le feithicil aistrithe a scaoileadh.

Sainmhínítear limistéar teanntála san Acht agus sna Rialacháin mar 'limistéar teanntála reachtúil' nó 'limistéar teanntála neamhreachtúil', nó an dá rud, de réir mar a bheidh.

Sainmhíníonn Alt 2 den Acht 'limistéar teanntála reachtúil' mar seo a leanas freisin:

- (a) Bóthar poiblí ina gcuirtear gníomhaíochtaí teanntála i gcrích de réir alt 101B den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961,
- (b) Aerfort ag a gcuirtear gníomhaíochtaí teanntála i gcrích faoi fhodhlíthe a rinneadh faoi alt 15(3)(o) den Acht um Aerfoirt Stáit, 2004,
- (c) Talamh ar le Córas Iompar Éireann é nó talamh atá á áitiú aige ar a gcuirtear gníomhaíochtaí teanntála i gcrích faoi fhodhlíthe a rinneadh faoi alt 22(1)(ee)(ii) den Acht Iompair, 1950,
- (d) Lárionaid cuain iascaigh ina gcuirtear gníomhaíochtaí teanntála i gcrích faoi fhodhlíthe a rinneadh faoi alt 4(2)(aa) den Acht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968,
- (e) Cuan ag a gcuirtear gníomhaíochtaí teanntála i gcrích faoi fhodhlíthe a rinneadh faoi alt 42(1A)(b) den Acht Cuanta, 1996,
- (f) Áit ina gcuirtear gníomhaíochtaí teanntála i gcrích faoi alt 66A den Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001, agus
- (g) Áiteanna eile a shonróidh an tAire faoi alt 5, áit a gcuirtear gníomhaíochtaí teanntála i gcrích faoi achtachán¹.

Chomh maith leis sin, sainmhíníonn Alt 2 den Acht 'limistéar teanntála neamhreachtúil' mar limistéar teanntála, nach limistéar teanntála reachtúil í, ina gcuirtear gníomhaíochtaí teanntála i gcrích, i.e. na limistéir teanntála ar fad seachas iad siúd atá sonraithe i bpointí (a) go (g) thuas.

¹ Níor shonraigh an tAire aon áit den chineál sin go fóill.

4 Rialaitheoirí Páirceála nó Oibritheoirí Teanntála?

Ceann de na deacrachtaí is mó atá os comhair an tionscail pháirceála ónar tugadh isteach an tsraith de reachtaíocht teanntála ná nádúr an ról maidir le gach limistéar teanntála ina gcuirtear seirbhísí ar fáil. Thug an tAcht isteach dhá phríomhról - is é sin an 'rialaitheoir páirceála' agus an 'oibritheoir teanntála' - agus tugadh freagrachtaí sonracha don dá ról. É sin ráite, rinneadh go leor de na conarthaí atá ag baill den tionscal forfheidhmithe páirceála a shíniú sular tugadh isteach an reachtaíocht agus mar sin ní dhéanann siad tagairt shoiléir do na ról thuasluaite.

De réir an Achta, ciallaíonn rialaitheoir páirceála, maidir le limistéar teanntála, an duine atá freagrach as forfheidhmiú an dlí nó na rialacha is infheidhme don páirceáil sa limistéar teanntála sin, (ach ní áirítear leis ball den Gharda Síochána nó maor tráchta atá údaraithe chuige sin). Tá réimse freagrachtaí sonracha ag an rialaitheoir páirceála, lena n-áirítear:

- Nósanna imeachta a bhunú le go mbeidh duine a theanntaítear a fheithicil in ann achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin (an próiseas achomhairc céadchéime)². Is gá don rialaitheoir páirceála aon achomharc (céadchéime) den chineál sin a mheas laistigh de 21 lá ón achomharc a fháil agus cinneadh a eisiúint i scríbhinn chuig an tiománaí. Aon rialaitheoir páirceála nach gcomhlíonann na ceanglais thuas, déanann sé cion, agus
- Comharthaíocht a chomhlíonann ceanglais Alt 11 den Acht agus Cuid 5 de na Rialacháin a chur ar fáil.

De réir an Achta, ciallaíonn 'oibritheoir teanntála' duine atá údaraithe ag rialaitheoir páirceála gníomhaíochtaí teanntála a chur i gcrích thar ceann an rialaitheora páirceála agus áirítear leis sin fostaithe oibritheoir teanntála nó aon duine eile atá fostaithe ag oibritheoir teanntála chun na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích thar a cheann nó thar a ceann agus áirítear leis sin oifigigh teanntála; i dtaobh gníomhaíochtaí teanntála a chuirtear i gcrích faoi alt 101B den Acht (laistigh de bhrí an ailt sin).

Tá réimse freagrachtaí sonracha ag an oibritheoir teanntála freisin, lena n-áirítear:

- Feithiclí atá páirceáilte i limistéar teanntála a sháraíonn na dlíthe agus na rialacha infheidhme a bhrath,

² Maidir leis sin, tugtar chun suntais go gcuireann roinnt rialaitheoirí páirceála é de fhreagracht ar oibritheoirí teanntála achomhairc chéadchéime a dhéantar a phróiseáil. Ní mheastar gur sárú é sin ar théarmaí an Achta toisc go bhfuil a ndualgais comhlíonta fós na rialaitheoirí páirceála 'nósanna imeachta a chur i bhfeidhm' chun deis a thabhairt do thiománaithe achomharc céadchéime a dhéanamh.

-
- Bac gluaiseachta a chur ar na feithicilí sin agus / nó na feithicilí a athlonnú,
 - Na sonraí forordaithe a thabhairt don Gharda Síochána agus don rialaitheoir páirceála nuair a dhéantar feithicil a athlonnú ó limistéir teanntála neamhreachtúla,
 - An teanntán a bhaint / an fheithicil aistrithe a scaoileadh laistigh de na hachair ama shonraithe nuair a fhaightear an ‘muirear iomchuí’³,
 - An fhianaise a chur le chéile maidir leis an bpáirceáil neamhdhleathach nó éagórach a bhí mar chúis leis an teanntáil / athlonnú, agus
 - Cloí le ceanglais na reachtaíochta maidir le cultacha agus modhanna sainaitheantais.
 - Tá freagrachtaí ag an rialaitheoir páirceála agus ag an oibritheoir teanntála araon maidir leis na rudaí seo a leanas:
 - Na modhanna a chur ar fáil chun freastal ar tháille scaoilte teanntáin / mhuirear aistrithe a íoc láithreach, agus
 - Taifid a choinneáil, i measc nithe eile.

Níl srian ar bith ar chuideachta ról an rialaitheora páirceála agus an oibritheora teanntála araon a chur i gcrích in aon limistéar teanntála amháin. É sin ráite, ar mhaithe leis an tsoiléireacht a chruthú do gach páirtí, molann an NTA go rachadh baill den tionscal páirceála i gcomhairle lena gcliaint féin chun nádúr an ghaoil chonarthaigh reatha atá eatarthu a chinneadh maidir le gach limistéar teanntála ar leith. Molann an NTA freisin go dtabharfadh baill den tionscal aird ar na ról atá leagtha síos sa reachtaíocht as seo amach agus iad ag déanamh conarthaí chun dul i mbun gníomhaíochtaí teanntála.

Is féidir leis an NTA faisnéis a iarraidh ó rialaitheoir páirceála nó ó oibreoir teanntála faoin ról atá acu i limistéar teanntála ar leith agus tá sé de dhualgas orthu na hiarratais sin a fhreagairt.

³ Sainmhínítear ‘muirear iomchuí’ in Alt 2 den Acht mar mhuirear scaoilte teanntáin nó mar mhuirear aistrithe nó an dá rud.

5 Faisnéis don tionscal

5.1 Treoir Phraiticiúil maidir leis an Reachtaíocht Teanntála a Chomhlíonadh

Tá sé d'aidhm ag na codanna seo a leanas treoir phraiticiúil a thabhairt do rialaitheoirí páirceála agus d'oibritheoirí teanntála maidir lena ndualgais faoin reachtaíocht.

5.1.1 Údarú i Scríbhinn

Ní mór d'aon duine atá i mbun gníomhaíochtaí teanntála ar thailte:

- A bheith ina úinéir tairbhiúil ar na tailte sin nó, i gcás limistéar teanntála reachtúla, a bheith ar an gcomhlacht arna bhunú faoi reacht atá i gceannas ar an limistéar teanntála; nó
- Údarú i bhfoirm scríofa nó leictreonach a bheith aige ón úinéir chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí teanntála ar na tailte sin, nó i gcás limistéar teanntála reachtúla, ní mór údarú a bheith aige ón gcomhlacht arna bhunú faoi reacht atá i gceannas ar an limistéar teanntála sin.

Ní mór don údarú:

- Teorannacha na dtailte ar ar féidir gníomhaíochtaí teanntála tarlú (an “limistéar teanntála”) a shonrú, ionas gur féidir na teorannacha sin a fheiceáil go soiléir;
- Aon choinníoll nó srian maidir leis na gníomhaíochtaí teanntála, lena n-áirítear na huaireanta feidhmiúcháin, a leagan amach, más iomchuí sin;
- Aon choinníoll nó srian maidir leis na cineálacha feithiclí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir gníomhaíochtaí teanntála, nó nach bhféadfadh, a chur in iúl – tabhair faoi deara go bhféadfadh sé nach mbeidh feithiclí áirithe faoi réir gníomhaíochtaí teanntála – tá siad sin leagtha amach in alt 14 den Acht agus tá siad liostaithe sa mhír Cosc ar Theanntáil agus ar Athonnú sa Chód Cleachtais seo (ní gá iad a liostú sa cháipéis údaraithe);
- Na freagrachtaí maidir le comharthaíocht a chur suas agus a chothabháil a leagan amach;
- Dearbhú a thabhairt go ndéanfar na gníomhaíochtaí teanntála ar fad ar na tailte a chur i gcrích de réir an Achta, na Rialachán agus an Chóid Chleachtais seo.

Is féidir leis an NTA, nó le duine údaraithe⁴, fianaise a lorg maidir le húinéireacht na dtailte agus / nó fianaise a lorg maidir le húdarú ó am go ham agus tá sé de dhualgas ar an rialaitheoir páirceála nó ar an oibritheoir teanntála na hiarratais sin a chomhlíonadh.

⁴ Tá ról agus cumhachtaí Daoine Údaraithe leagtha amach i gCuid 4 den Acht.

Caithfidh rialaitheoirí páirceála agus oibritheoirí teanntála a chinntiú go bhfuil an cháipéisíocht sin i bhfeidhm sula dtéann siad i mbun gníomhaíochtaí teanntála.

5.1.2 Comharthaí

Tá sé d'aidhm ag an gcuid seo den Chód Cleachtais treoir a thabhairt maidir le freagracht an rialaitheora páirceála comharthaíocht a chur ar fáil i limistéar teanntála atá faoina rialú (seachas áit atá ar bhóthar poiblí) a chomhlíonann na ceanglais shainordaitheacha a shonraítear sna limistéir seo a leanas:

- (a) Alt 11 den Acht; agus
- (b) Cuid 5 de Rialacháin 2017 (dá ngairtear 'Cuid 5' anseo feasta).

Is é cuspóir na treorach seo ná a chinntiú (a) go dtuigeann tiománaithe go soiléir go bhfuil gníomhaíochtaí teanntála ar siúl sa cheantar agus (b) go bhfuil an rialaitheoir páirceála ag cloí le Cuid 5. Cuimsíonn an chuid seo moltaí maidir le dea-chleachtas chun tiománaithe a chur ar an eolas a oiread is féidir faoi ghníomhaíochtaí teanntála laistigh de limistéar teanntála.

É sin ráite, ní mór a thabhairt faoi deara gur ar an rialaitheoir páirceála atá an bhunfhreagracht a chinntiú go ndéantar príomhthéarmaí, coinníollacha, srianta, toirmisc agus muirir a chur in iúl go soiléir i dtéacs na comharthaíochta i limistéar teanntála.

Ciallaíonn limistéar teanntála limistéar ina bhfuil teanntáil, baint teanntán ó fheithiclí, athlonnú feithiclí, nó gearradh táille a bhaineann le teanntáin a bhaint ó fheithiclí nó a bhaineann le feithiclí a athlonnú i bhfeidhm. Tá Cuid 5 de na Rialacháin in éifeacht ó bhí Aibreán 1 2018 ann, agus baineann sí le gach limistéar teanntála seachas bóithre poiblí.

Baineann Cuid 5 de Rialacháin 2017 le haon rialaitheoir páirceála atá freagrach as forfheidhmiú na rialacha maidir le páirceáil i limistéar teanntála. Mar sin, ní mór do rialaitheoirí páirceála a chinntiú go gcomhlíonann an chomharthaíocht a bhaineann le teanntáil laistigh den limistéar teanntála Cuid 5 de Rialacháin 2017.

Tá dhá phríomhchineál comharthaí eolais faoi theanntáil ann:

- **Comharthaí bealach isteach:** le bheith suite ag gach bealach isteach d'fheithiclí chuig limistéar teanntála, ag cur faisnéise bunriachtanaí ar fáil do thiománaithe maidir le gníomhaíochtaí teanntála agus iad ag dul isteach sa limistéar. Chomh maith le comharthaí bealach isteach, d'fhéadfadh comharthaíocht do choisithe a bheith ag teastáil ar an mbealach amach in áiteanna ar leith, mar a shonraítear faoin gceannteideal Comharthaí Bealach Isteach sa cháipéis seo.

-
- **Comharthaíocht bhreise:** le cur ar fáil laistigh de limistéar teanntála chun fógra leordhóthanach a thabhairt do thiománaithe agus do dhaoine eile maidir le gníomhaíochtaí teanntála sa limistéar. Ós rud é go bhfuil rialaitheoirí páirceála éagsúla ann ar fud na tíre, d'fhéadfadh dearadh agus sonraíocht chomharthaí laistigh d'áiteanna teanntála éagsúla a bheith éagsúil óna chéile. D'ainneoin na n-éagsúlachtaí sin, leagan Cuid 5 de na Rialacháin amach na ceanglais shonracha atá ann do rialaitheoirí páirceála maidir le láthair, suíomh, treo, caighdeán, soléiteacht srl. agus an maidir leis an eolas sonracha nach mór a thaispeáint ar chomharthaí a bhaineann le teanntáil laistigh de limistéar teanntála.

Ní mór comharthaíocht teanntála ag an mbealach isteach chuig limistéar teanntála a chrochadh sna suíomhanna seo a leanas:

- Ar bhóthar nach bóthar poiblí é, ag nó in aice le gach acomhal den bhóthar sin le bóthar poiblí, nó le bóthar eile nach bóthar poiblí é agus nach bhfuil ina chuid den limistéar teanntála; agus
- Ag carrchlós aon stóir nó carrchlós talún áit a bhfuil cead ag an bpobal páirceáil, agus i gcás carrchlós ilstórach, ag gach bealach isteach d'fheithiclí chuig an gcarrchlós agus ag gach bealach amach do choisithe a bhfuil comharthaí ann ina leith.

Ní mór comharthaíocht bhreise a chur ar fáil laistigh de gach áit teanntála chun fógra leordhóthanach a thabhairt go hinmheánach d'úsáideoirí go bhfuil gníomhaíochtaí teanntála ar bun laistigh den limistéar teanntála.

Ceanglais Fhisiúla – Cad iad na tréithe ar gá do gach comhartha cloí leo?

Ní mór go gcomhlíonann gach cineál comharthaíochta, i.e. comharthaíocht ag an mbealach isteach, comharthaíocht bhreise agus comharthaíocht ag an mbealach amach do choisithe, na coinníollacha seo a leanas:

- Tá sí dea-thógtha;
- Tá sí déanta as ábhair d'ardchaighdeán atá marthanach, síonfhriotaíoch agus oiriúnach don suíomh ina bhfuil an comhartha lonnaithe, nó don suíomh a bhfuil sé i gceist an comhartha a lonnú ann;
- Tá codarsnacht dathanna leordhóthanach ann idir an téacs agus a chúlra chun soléiteacht a chinntiú;
- Tá sí iomlán, i ndea-chaoi agus saor ó aon smál suntasach;
- Coimeádtar glan í ionas gur féidir an téacs agus an fhaisnéis a fheiceáil an t-am ar fad;
- Tá sí saor ó aon fhocal nó siombal leithchealach, inlochtaithe nó maslach; agus

-
- Tá sí lonnaithe, suite agus treoraithe ionas gur féidir le tiománaithe feithiclí é a léamh go soiléir nuair atá siad ag dul isteach sa limistéar teanntála nó ag páirceáil ann.

I dteannta na nithe thuasluaite, sa mhéid agus atá sé faoi chumhacht an rialaitheora páirceála, meastar gurb é an dea-chleachtas é go mbeadh comharthaí soilsithe, más indéanta, chun a chinntiú go bhfuil siad sofheicthe do thiománaithe agus do choisithe i rith uaireanta an dorchadais. É sin ráite, tugann an NTA faoi deara nach ceanglas é seo atá forordaithe leis an Acht ná leis na Rialacháin.

Ceanglais maidir le Faisnéis – Cén cineál faisnéise go sonrach is gá a thaispeáint?

Ní mór go gcuimseodh gach comhartha faisnéise faoi theanntáil na nithe seo a leanas:

- An siombal teanntála (mar a léirítear anseo é) ar mhéid nach lú ná 100 milliméadar ar airde áit a bhfuil an comhartha suite ag an mbealach isteach chuig limistéar teanntála, agus ar mhéid nach lú ná 75 milliméadar ar airde i ngach cás eile (ní mór go gcloíonn dath na siombaile teanntála leis an sonraíocht a leagtar amach i Sceideal 2 de Rialacháin 2017);
- Fógra go bhfuil gníomhaíochtaí teanntála ar bun san áit sin;
- Ainm agus sonraí teagmhála an oibritheora teanntála;
- Achoimre ar na sonraí a bhaineann le srianta agus le toirmisc atá i bhfeidhm sa limistéar teanntála sin;
- An muirear scaoilte teanntán (más ann dó);
- An muirear aistrithe (más ann dó); agus
- Fógra faoi aon mhuirear breise a d'fhéadfadh a bheith iníoctha maidir le feithicil a aistríodh.

SCEIDEAL 2

Siombal Teanntála



I dteannta na nithe thuasluaite, i gcomhréir leis an dea-chleachtas, moltar go ndéanfaí na huaireanta a fheidhmíonn na gníomhaíochtaí teanntála sa limistéar teanntála a mhionsonrú ar gach comhartha faisnéise faoi theanntáil.

Ábhar Comharthaí agus Méid an Téacs

- Beidh an téacs ar chomhartha faisnéise faoi theanntáil scríofa i ngnáth-theanga shimplí agus é sothuigte don té a léann an comhartha; agus
- Beidh an téacs soléite do thiománaithe / do dhaoine atá ag dul isteach sa limistéar teanntála nó atá laistigh de agus cuirfidh sé na rialacha atá curtha i bhfeidhm ag an rialaitheoir páirceála sa limistéar teanntála in iúl go soiléir.

Dea-Chleachtas maidir le Líon agus Cineál na gComharthaí

Chun faisnéis atá chomh soiléir agus is féidir a chur ar fáil do thiománaithe, moltar go gcuirfeadh an rialaitheoir páirceála na dea-chleachtais seo a leanas i bhfeidhm:

- Plean comharthaíochta a fhorbairt don limistéar teanntála a thugann mionsonraí faoi láthair, shuíomh, treo, shonraíocht, mhéid agus ábhar gach cineál comhartha ar an láthair a bhaineann le teanntáil;
- Teorainn a chur le líon na gcineálacha éagsúla comharthaí a chuirtear ar fáil sa limistéar teanntála; agus
- A chinntiú, nuair is féidir, go bhfuil na srianta páirceála comhsheasmhach laistigh de limistéar teanntála, rud a laghdóidh an fhéidearthacht go dtiocfadh mearbhall ar thiománaithe de bharr srianta éagsúla a bheith i bhfeidhm laistigh de “chriosanna” éagsúla.

Comharthaí Bealach Isteach – Cén láthair, suíomh agus treo a thabhairt do chomharthaí?

I dteannta na gceanglas ginearálta a shonraítear i gCuid 5, beidh comharthaí bealach isteach:

- Lonnaithe in áit agus de mhéid leordhóthanach ionas gur féidir le tiománaithe feithiclí an fhaisnéis a fheiceáil agus a léamh gan stró agus iad ina suí ina bhfeithiclí ag an mbealach isteach chuig an limistéar teanntála, nó ag aon bhacainn atá níos faide ar aghaidh ná an bealach isteach chuig an limistéar teanntála sin; agus
- Suite agus treoraithe ionas gur féidir le tiománaithe feithiclí an fhaisnéis a fheiceáil go soiléir agus iad ag dul isteach sa limistéar teanntála.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go gcuireann láthair, suíomh agus treo na gcomharthaí ar an mbealach isteach riachtanais tiománaithe atá ag teacht isteach sa limistéar teanntála ó threonna éagsúla san áireamh, agus ní mór go mbeadh an chomharthaíocht sofheicthe do thiománaithe ag teacht ó threonna éagsúla.

Comharthaí Bealach Isteach – Cén fhaisnéis shonrach a chaithfear a thaispeáint?

Caithfidh comharthaíocht atá suite ag gach bealach isteach d'fheithiclí chuig limistéar teanntála na rudaí seo a leanas a chur in iúl go soiléir:

- Na príomhthearmaí, coinníollacha, srianta, toirmisc agus muirir, lena n-áirítear an muirear scaoilte teanntán; nó in ionad sin
- Féadfaidh an comhartha bealach isteach d'fheithiclí na muirir is infheidhme a d'fhéadfadh a ghearradh (lena n-áirítear an muirear scaoilte teanntán) a thaispeáint go soiléir agus fógra a thabhairt faoin áit ar féidir tuilleadh sonraí a fháil faoi na téarmaí, na coinníollacha, na srianta agus na toirmisc is infheidhme.

Meastar gur dea-chleachtas atá ann athrá faisnéise ar chomhartha a sheachaint.

Comharthaí Bealach Isteach – Cén méid a chaithfidh siad a bheith?

Beidh gach comhartha faisnéise faoi theanntáil a chuirtear ag bealach isteach chuig limistéar teanntála ar a laghad 0.25 méadar cearnach ar mhéid. É sin ráite, d'fhéadfadh comharthaí níos mó ná sin a bheith ag teastáil chun an ceanglas maidir le soléiteacht a luaitear faoin teideal Ceanglais Ghinearálta maidir le Comharthaíocht sa Chód Cleachtais, agus na ceanglais shonracha maidir le comharthaí bealach isteach a shonraítear thuas a chomhlíonadh.

Comharthaí Bealach Amach do Choisithe

Mar a shonraíodh i gCuid 5 de Rialacháin 2017, ní mór comharthaí bealaí amach do choisithe a bheith lonnaithe ag gach bealach amach do choisithe a bhfuil comharthaíocht ann ina leith i gcás carrchlós aon stóir nó carrchlós ilstórach. Meastar gurb é an dea-chleachtas é freisin na rudaí seo a leanas:

- Comharthaí bealach amach do choisithe a chur ag bealaí amach do choisithe nach bhfuil comharthaíocht ann ina leith, ag bealaí amach do choisithe ó bhóithre phríobháideacha, agus ag bealaí isteach d'fheithiclí áit ar féidir le coisithe dul amach tríothu; agus
- Comharthaí bealach amach do choisithe a shuí agus a threorú ionas gur féidir le daoine iad a fheiceáil go soiléir agus iad ag dul amach ón limistéar teanntála.

Comharthaíocht Bhreise – Cén láthair, suíomh agus treo a thabhairt do chomharthaí?

I dteannta na gceanglas ginearálta a luaitear i gCuid 5, comhlíonfaidh comharthaíocht bhreise na ceanglas seo a leanas:

-
- Beidh sí lonnaithe ar fud an limistéar teanntála mar is gá ionas go mbeidh dóthain eolais ar fáil do dhaoine go bhfuil gníomhaíochtaí teanntála ar bun sa limistéar teanntála sin.
 - Chun an ceanglas maidir le “dóthain eolais” a chomhlíonadh, ní mór do chomharthaí a bheith lonnaithe go rialta ar fud an limistéir, i.e. spás oiriúnach a fhágáil eatarthu chun go mbeidh siad le feiceáil go leordhóthanach ar fud an limistéir teanntála agus go mbeidh siad sofheicthe ag tiománaithe atá ag tuirlingt d’fheithicil pháirceáilte.
 - Nuair nach bhfuil comharthaíocht bealach amach do choisithe éigeantach ag limistéar teanntála, ní mór comharthaíocht bhreise oiriúnach a chur ar fáil atá sofheicthe acu siúd atá ag siúl amach ón limistéar teanntála.
 - Beidh gach comhartha breise faisnéise faoi theanntáil suite agus teoraithe ionas go mbeidh sé sofheicthe go soiléir ag daoine atá laistigh de gharlimistéar an limistéir teanntála ina bhfuil an comhartha lonnaithe.
 - Chun a chinntiú go bhfuil an chomharthaíocht bhreise sofheicthe laistigh den limistéar teanntála, ní mór gach comhartha a chrochadh ag airde oiriúnach, agus nach mbeadh sé chomh híseal sin go bhféadfadh carr atá páirceáilte é a cheilt. Má chrochtar comhartha ag airde atá ró-ard, áfach, tá baol ann nach mbeifear in ann é a léamh (mura ndéantar méid an chomhartha / an téacs a mhéadú mar is cuí).

Comharthaíocht Bhreise – Cén fhaisnéis shonrach a chaithfear a thaispeáint agus cé chomh mór a chaithfidh na comharthaí a bheith?

Tugtar achoimre ar an mbuneolas a chaithfear a thaispeáint i Rialachán 25(a) de na Rialacháin.

Beidh gach comhartha breise faisnéise faoi theanntáil ar a laghad 0.16 méadar cearnach ar mhéid. D’fhéadfadh comharthaí níos mó ná sin a bheith ag teastáil chun an ceanglas maidir le soléiteacht a luaitear faoin teideal Ceanglais Ghinearálta maidir le Comharthaíocht sa Chód Cleachtais a chomhlíonadh.

5.1.3 Córais Íocaíochta Páirceála - Feidhmiúlacht & Inúsáideacht

Tá réimse leathan roghanna íocaíochta páirceála in úsáid le haghaidh carrclóis ar an tsráid agus carrchlóis talún a bhainistiú agus tá na roghanna sin ar fáil do thiománaithe na hÉireann sa lá atá inniu ann. Cé go dtagann na roghanna íocaíochta sin go hiomlán faoin réimse ‘seirbhísí páirceála’, réimse nach bhfuil rialaithe ag an NTA, ní féidir Cód Cleachtais um Theanntáil a ullmhú gan breathnú ar na próisis atá mar bhun ag go leor achomharc a dhéanann tiománaithe de bharr teagmhas teanntála agus aistrithe.

Ar an iomlán, is féidir an réimse roghanna íocaíochtaí a aicmiú mar seo a leanas:

1. Íoc & Taispeáin;
2. Córais Pháirceála Fhíorúla atá bunaithe ar chláruimhreacha feithiclí lena n-áirítear úsáid a bhaint as córais réamháirithinte agus réamhíocaíochta ‘SMS’, teileafóin nó ar líne;
3. Páirceáil Réamhíochta
 - a. **Séasúrach** – cártaí fisiciúla páipéir nó plaisteacha nó ceadanna fíorúla bunaithe ar chláruimhreacha feithiclí; agus
 - b. **Teagmhas Aonair** – m.sh. Scríobcháirteáí nó feithiclí atá cláraithe ar scéimeanna páirceála fíorúla ag forbraíochtaí árasán cónaithe.

Uaireanta, úsáidtear na roghanna íocaíochta thuas ina n-aonair ach is minice a úsáidtear iad mar rogha ‘ceann amháin/ceann eile’ maidir le híocaíochtaí/comhlíontacht. Áit a gcuirtear córais éagsúla ar fáil mar roghanna malartacha, ní féidir an dá rogha a úsáid le chéile ag an am céanna.

Déantar teicneolaíochtaí bainistíochta páirceála eile amhail ‘Íoc de Shiúl na gCos’ (le bacainní agus ticéid) nó cártaí Aitheantais Radaimhnicíochta (RFID) a úsáid i gcarrchlóis ilstóiracha nó i gcarrchlóis foirne. É sin ráite, ós rud é nach mbíonn suíomhanna den chineál sin ag brath ar theanntáil mar uirlis chomhlíontachta de ghnáth, ní phléitear leo sa Chód Cleachtais seo.

Íoc & Taispeáin

Mar a chuireann an t-ainm in iúl go soiléir, baineann dhá chritéar le córais ‘Íoc & Taispeáin’, dhá chritéar nach mór do thiománaithe cloí leo:

1. An muirear oiriúnach don achar ama páirceála atá beartaithe a íoc; **agus**
2. An ticéad páirceála a eisíonn an t-uathdhíoltóir ticéad (TVM) tar éis na híocaíochta a thaispeáint (agus an t-am éaga soléite ó thaobh amuigh den fheithicil) an t-am ar fad a mbíonn an fheithicil páirceáilte sa limistéar teanntála.

I gcomhthéacs na n-áiteanna teanntála ‘Íoc & Taispeáin’, agus ar mhaithe le dea-chleachtas agus le sábháilteacht thiománaithe, molann an NTA go gcinnteodh rialaitheoirí páirceála na rudaí seo a leanas:

- Go gcuireann an chomharthaíocht atá ar an láthair in iúl go soiléir go bhfuil an dá chritéir thuasluaite éigeantach, i.e. nár dhóthain é do thiománaithe a léiriú gur íoc siad as an bpáirceáil, ach gur gá dóibh an ticéad a chur ar taispeáint ar an dóigh a shonraítear freisin.

-
- Go dtugtar meabhrúcháin do thiománaithe ag amanna oiriúnacha a dticéid a thaispeáint ar an deais ar dhóigh a dtaispeánann na sonraí éaga agus atá soléite ó thaobh amuigh den fheithicil; meabhrúcháin, mar shampla, ag nó ar an TVM (i dtéacs soiléir soléite) agus ag na bealaí amach do choisithe (in amharclíne na dtiománaithe).
 - Áit a bhfuil carrchlós in aice le bóthar poiblí ar a bhfuil córas Íoc & Taispeáint I bhfeidhm freisin, caithfear a chinntiú gur furasta na TVManna a bhaineann leis an limistéar teanntála ina bhfuil an tiománaí páirceáilte a aithint.
 - Ag brath ar na srianta atá ann de bharr mhéid an limistéir teanntála, caithfear a chinntiú freisin go bhfuil níos mó ná TVM amháin le fáil in áit atá sofheicthe, so-aimsithe agus inrochtana do thiománaithe.
 - Ní mór do gach TVM:
 - Glacadh le dhá cheann de na modhanna íocaíochta seo a leanas ar laghad:
 - Boinn,
 - Nótaí,
 - Cáirtaí,
 - Sparáin leictreonacha nó
 - Cuntais fón póca, agus admhálacha a thabhairt maidir le híocaíochtaí a dhéantar le cárta (nó le haon mhodh eile cosúil leis);
 - Ní mór go mbeadh comharthaíocht shoiléir díreach in aice leis an TVM a leagan amach na rialacha páirceála agus na táillí páirceála is infheidhme agus na huairanta ábhartha feidhmíochta;
 - Ní mór go mbeadh soilsiú réasúnta maith timpeall ar an TVM chun go mbeidh an custaiméir in ann é a úsáid i rith uaireanta dorchadais agus chun aon mhothú go bhfuil baol nó neamhshábháilteacht ann a laghdú;
 - Ní mór go mbeadh treoracha úsáide soiléire ag an TVM;
 - Ní mór go mbeadh uimhir ar leith ag an TVM chun críocha aitheantais;
 - Ní mór go mbeadh uimhir theagmhála (atá in úsáid) ar taispeáint má bhíonn aon fhadhb maidir le feidhmíocht an TVM; agus
 - Ní mór go mbeadh fógra ag an TVM a chuireann in iúl nach é ach ceann amháin de na huathdhíoltóirí sa charrchlós agus gur cheart do chustaiméirí na huathdhíoltóirí eile a sheiceáil má bhíonn moill nó fadhb ann.
 - Ní mór go gcruthódh agus go gcoinneodh an TVM taifid chruinne ar na rudaí seo a leanas:
 - Fabhtanna agus briseadh seirbhíse tuairiscithe an TVM;

-
- Bailiúcháin airgid thirim, ós rud é nach iondúil go nglacann TVManna le híocaíochtaí níos mó agus an bosca airgid lán;
 - Gach athrú ar na ticéid sa TVM; agus
 - Aon chothabháil a dhéantar ar an TVM (pleanáilte nó a mhalairt).
- Comhlíonann na ticéid a eisíonn TVManna na riachtanais seo a leanas:
- Tá na ticéid oiriúnach don fheidhm, i.e. ní lúbann siad nuair atá an ghrian ag taitneamh nó nuair atá adhaimsir ann agus ní bhogann siad go héasca má tharlaíonn gluaiseachtaí beaga aeir laistigh den charr dúnta;
 - Cuireann siad in iúl go soiléir an t-am agus an dáta éaga, an suíomh, an eagraíocht eisithe agus an muirear a íocadh;
 - Tugann siad achoimre ar aon riail pháirceála atá i bhfeidhm sa limistéar teanntála sin, m.sh. tá na rialacha sin, lena n-áirítear an modh ceart chun an ticéad a chur ar taispeáint, priontáilte ar chúl gach ticéid roimh ré.

Scéimeanna Íocaíochta Páirceála Fíorúla

Tá Scéimeanna Íocaíochta Páirceála Fíorúla bunaithe ar úsáideoirí carrchlóis atá (a) ag clárú le soláthraí seirbhíse (i.e. beidh siad ina sealbhóirí cuntais) nó (b) ag clárú a gcláruimhreacha feithiclí trí SMS ‘aonuaire’ a sheoladh, nó trí idirbheart áirithinte agus íocaíochta a dhéanamh ar líne. Seo a leanas samplaí de scéimeanna íocaíochta páirceála fíorúla atá in úsáid in Éirinn ag an am seo:

- Clib Pháirceála
- Parkbytext
- ParkbyPhone
- Apcoa Connect
- Park Magic

Cé go bhfuil príomchuspóir na scéimeanna sin mar an gcéanna, d’fhéadfadh an-éagsúlacht a bheith ann ó scéim go chéile ó thaobh fheidhmíocht an chórais agus an t-eolas a thugtar do thiománaithe. Tá sé seo fíor go háirithe i gcomhtéacs na teanntála áit a bhfuil an fhaisnéis a thugtar maidir le (a) ceanglais úsáide na scéimeanna íocaíochta agus (b) na himpleachtaí a bhíonn ann mura gcloítear leis na ceanglais úsáide sin, rithábhachtach.

An rud ag croílár gach scéim íocaíochta páirceála fhíorúil ná an chaoi a mbíonn an t-oibritheoir carrchlóis, agus an rialaitheoir páirceála agus an t-oibritheoir teanntála dá réir sin, ag brath ar shonraí na feithicle agus ar an sliotán ama agus dáta a theastaíonn a thaifeadaíonn an tiománaí ag an am a dhéantar an íocaíocht páirceála. Mar sin, tá sé de

dhualgas ar an tiománaí a bheith an-chúramach nuair atá cláruimhir na feithicle, an dáta agus an tréimhse ama le bheith clúdaithe ag an idirbheart páirceála á dtaifead aige le linn dó an tseirbhís pháirceála fhíorúil a úsáid.

Molann an NTA go gcinnteodh rialaitheoirí páirceála na rudaí seo a leanas:

- Go gcuireann an chomharthaíocht atá ar an láthair in iúl go soiléir na ceanglais shonracha a bhfuil sé de dhualgas ar an tiománaí cloí leo nuair atá sé ag íoc as páirceáil le scéim fhíorúil, mar shampla:
 - Soiléiriú go bhfuil sé éigeantach cláruimhir na feithicle a thaifeadadh i gceart;
 - Treoracha sonracha ar leith do shealbhóirí cuntais agus d'úsáideoirí aonuaire lena n-áirítear cóid suímh ábhartha;
 - Sonraí maidir le srianta ar líonraí áirithe teileafóin, m.sh. cibé an féidir le húsáideoirí seirbhísí teileafóin eachtracha rochtain a fháil ar na scéimeanna íocaíochta páirceála fíorúla, nó nach féidir;
 - An fhormaid bheacht ar leith atá ag teastáil chun páirceáil a cheannach le teachtaireacht SMS; agus
 - Foláireamh nach bhfuil idirbhirt pháirceála bailí mura bhfaigheann nó sula bhfaigheann an custaiméir deimhniú, agus ag tabhairt le fios nár chóir do chustaiméir a fheithicil a fhágáil sula bhfaigheann sé agus sula seiceálann sé sonraí an deimhnithe sin.
 - Leagann an chomharthaíocht atá ar an láthair amach go soiléir na himpleachtaí a bheidh ann mura gcloítear leis na ceanglais, mar shampla go bhféadfaí feithicil an tiománaí a theanntáil mura ndéantar taifead ceart ar chláruimhir na feithicle.

Tugann an NTA faoi deara go dtarlaíonn go leor teagmhas teanntála de bharr earráidí a dhéanann tiománaithe agus iad ag taifead na sonraí ábhartha ag an am a cheannaíonn siad seirbhísí páirceála nó a chuireann siad seirbhísí páirceála in áirithe. Cé nach bhfuil aon bhealach ann inar féidir le rialaitheoirí páirceála cuid de na sonraí seo a bhailíochtú, mar shampla am agus dáta beartaithe an pháirceála, measann an NTA go bhfuil sé de dhualgas ar rialaitheoirí páirceála a chinntiú go ndéanann na teicneolaíochtaí fíorúla atá i bhfeidhm roinnt bunbhailíochtaithe ar na sonraí a chuireann tiománaithe isteach maidir le cláruimhreacha feithicilí 'IRL'⁵. Ina thaobh sin, measann an NTA go bhfuil sé go hiomlán réasúnach a iarraidh go mbeadh na teicneolaíochtaí a úsáideann an tionscal ag an bpointe íocaíochta nó áirithinte in ann na hearráidí seo a leanas a aithint:

⁵ Is é sin le rá, na cláruimhreacha sin atá i bhfeidhm in Éirinn ó 1987 i leith.

-
- Formáidí bliana neamhbhailí, 163, 252 srl.; agus
 - Formáidí ‘Contae’ neamhbhailí, DW, ST, M0 srl.

Ba chóir go gcuirfeadh an teicneolaíocht an tiománaí ar an airdeall faoin earráid ansin agus go ndiúltódh sí don íocaíocht.

Agus na moltaí seo á dhéanamh aige, aithníonn an NTA go bhféadfadh impleachtaí costais a bheith ann do roinnt rialaitheoirí páirceála, ach measann an NTA gur moltaí réasúnta iad freisin ós rud é go bhfuil réimse na n-earráidí a d’fhéadfadh tarlú inchainníochtaithe. Is féidir a mhaíomh freisin, dá nglacfadh rialaitheoirí páirceála na céimeanna sin chun déileáil le teagmhais teanntála a tharlaíonn de bharr fíor-earráide daonna go laghdófaí líon na n-achomharc in agahaidh teanntála a dhéanann tiománaithe dá bharr.

Is fiú a thabhairt faoi deara ag an bpointe seo go n-aithníonn an NTA nach mbeadh sé indéanta do rialaitheoirí páirceála earráidí a aithint a bhaineann le ‘sraithuimhir’ cláruimhreach cairr ag an bpointe íocaíochta.

Measann an NTA freisin gur cheart go mbeadh an teicneolaíocht a chuirtear ar fáil don oibreoir teanntála in ann ‘seiceálacha’ den chineál céanna a dhéanamh má bhraitear páirceáil éagórach (i gcás carrchlós neamh-reachtúil) nó páirceáil mhídhleathach (i gcomhthéacs carrchlós reachtúil), mar gheall gur cosúil nár íocadh an muirear páirceála. Ba cheart go mbeadh na seiceálacha nó bailíochtaí sin ábalta earráidí le ‘bliain’ nó ‘contae’ cláruimhreach cairr a aithint, earráid nár tugadh faoi deara ag an am a rinneadh an íocaíocht toisc nach raibh an bliain neamhbhailí, cé go raibh sé mícheart. Measann an NTA go bhféadfaí seiceáil nó bailíochtú a dhéanamh ag an bpointe ag a mbraitear páirceáil éagórach / mhídhleathach trí chuardach a dhéanamh maidir le sraithuimhir na cláruimhreach amháin mar shampla.

Agus measann an NTA, ag cur san áireamh arís nach mbeadh rialaitheoir páirceála in ann earráidí maidir le ‘sraithuimhir’ cláruimhreach cairr a aithint, go gcinneodh a leithéid de chur chuige go mbeadh gach iarracht á déanamh ag rialaitheoirí páirceála fíor-earráidí daonna arna ndéanamh ag an tiománaí féin a aithint go luath sa phróiseas.

Feithiclí Iolracha/ Feithiclí Réamhshocráithe

I gcomhthéacs na dteicneolaíochtaí páirceála sin, a thugann deis do thiománaithe clárú agus a bheith ina sealbhóirí cuntais, tugann an NTA faoi deara go gceadaíonn go leor córas do thiománaithe roinnt feithiclí a chur lena gcuntais. Tugann an NTA faoi deara freisin go dtarlaíonn go leor teagmhas teanntála de bharr go dteipeann ar an tiománaí an fheithicil cheart a roghnú ag an am a íocann sé as an tseirbhís páirceála. I gcásanna áirithe is de bharr dearmaid a tharlaíonn sé seo, agus i gcásanna eile is iad na ‘réamhshocrúithe’ atá ag an teicneolaíocht is cúis leis.

I bhfianaise na n-aighneachtaí ar fad a fuarthas mar gheall ar an bpointe seo, measann an NTA gur cheart do rialaitheoirí páirceála roinnt beart a ghlacadh chun líon na bhfadhbanna den chineál sin a laghdú. Mar sin, ba cheart do rialaitheoirí páirceála na rudaí seo a leanas a chinntiú:

1. Tá feidhmiúlacht na teicneolaíochta agus na riachtanais ar gá do thiománaithe cloí leo leagtha amach go soiléir (i ngnáth-teanga shimplí) sa mhír Téarmaí agus Coinníollacha a bhaineann leis teicneolaíocht;
2. Taispeánann an teicneolaíocht clárúimhir na feithicle a bhfuiltear ag ceannach seirbhís pháirceála ina leith don tiománaí ag an am a cheannaítear í. Tá seans ann nach mbeidh téarmaí ginearálta amhail ‘Feithicil 1’ nó ‘Feithicil 2’ leordhóthanach chun tiománaithe a chur ar an airdeall faoi earráidí a d’fhéadfadh tarlú le linn feithicil a roghnú.; agus
3. Tugann an teicneolaíocht achoimre ar an idirbheart beartaithe, ag cur clárúimhir na feithicle in iúl go soiléir arís, chun a dheimhniú go bhfuil an tiománaí ag iarraidh dul ar aghaidh leis an idirbheart san fhormaid sin.

Agus na moltaí thuas á dhéanamh aige, aithníonn an NTA nach féidir le tiománaithe a bhfreagrachtaí a shéanadh maidir le bheith cúramach nuair atá seirbhísí páirceála á gceannach acu. É sin ráite, is bearta réasúnta iad na bearta thuasluaite i gcomhthéacs tionscail rialaithe.

Páirceáil Réamhíochta

Tugann go leor limistéar páirceála na roghanna seo a leanas dá gcustaiméirí, do bhaill foirne san áireamh:

- Páirceáil Séasúir** – cártaí fisiciúla páipéir nó plaisteacha nó ceadanna fíorúla bunaithe ar chlárúimhreacha feithicilí ar bhonn míosúil, ráthúil, bliantúil m.sh. pasanna páirceála bliantúla do stáisiún traenach, nó
- Páirceáil Aonuaire** – m.sh. Scríobchártaí lena n-áirítear ceadanna páirceála údaráis áitiúil do chuartheoirí nó páirceáil do chuartheoirí ag scéimeanna árasán cónaithe.

Féadfaidh na ceadanna sin a bheith i bhformáid fhisiciúil a thaispeántar ar an bhfeithicil pháirceáilte nó i bhformáid fhíorúil.

I gcomhthéacs ceadúnas fíorúil, tá sé de dhualgas ar thiománaithe a chinntiú go bhfuil siad eolach ar na dátaí éaga ábhartha. É sin ráite, i gcomhthéacs ceadanna a mbaineann tréimhse níos faide leo, molann an NTA go ndéanfaidh an rialaitheoir páirceála fógraí faoi dhátaí éaga a eisiúint nuair is féidir.

I gcomhthéacs ceadanna fisiciúla, tá sé ríthábhachtach go mbeadh na rialacha maidir lena dtaispeáint curtha in iúl le comharthaíocht ar an láthair chun bailíocht aon teagmhas teanntála a chinntiú. Ina thaobh sin, meabhraíonn an NTA do rialaitheoirí páirceála chomh tábhachtach agus atá sé a chinntiú go dtagann na rialacha a leagtar amach ar an gcomharthaíocht go díreach leis na srianta a chuirtear i bhfeidhm i ndáiríre, agus dá réir sin, go dtagann na rialacha sin leis na cionta agus na sárúithe a luann na hoibrítheoirí teanntála le linn don teagmhas teanntála tarlú. Mar shampla, mura dtugann an chomharthaíocht le fios go soiléir gur gá an cead a thaispeáint go soiléir i limistéar teanntála atá coinnithe lena úsáid ag ‘sealbhoirí ceada amháin’ má táthar chun páirceáil ann.

Arís eile, ag úsáid an sampla thuas, is fiú a thabhairt faoi deara cé gur fíor go bhfuil sé úsáideach na rialacha a chur in iúl leis an litir a eisítear chuig an tiománaí agus an ceadúnas faoi iamh ann, ní cúiteamh é sin ar aon easpa atá i gcomharthaíocht an limistéir teanntála.

Maidir le ceadanna páirceála aonuaire, amhail ‘scríobchátaí’ údarás áitiúil, tá sé ríthábhachtach go mbeadh rialacha úsáide na gceadanna sin curtha in iúl go soiléir ar na scríobchátaí féin.

5.1.4 Comhlíonadh na Tréimhse Cairde

Is éard atá i gceist le coincheap na ‘tréimhse cairde’ atá cumhdaithe sa sraith de reachtaíocht teanntála ná ‘fuinneog’ deich nóiméad a ligeann do thiománaithe íoc as páirceáil. Dá bharr sin, bíonn sé i bhfeidhm i gcomhthéacs páirceála íoctha amháin agus tarlaíonn sé in dhá chás:

1. Nuair nach bhfuil aon táille pháirceála íoctha in aon chor (toisc go bhfuil an tiománaí díreach tar éis teacht isteach agus páirceáil sa limistéar teanntála); agus
2. Nuair atá an tréimshé atá clúdaithe ag an íocaíocht pháirceála bhunaidh imithe in éag.

I gcomhthéacs an tiománaí atá díreach tar éis teacht isteach sa limistéar teanntála, ligeann an tréimhse chairde do thiománaí eolas a chur ar na rialacha agus na srianta is infheidhme (trí thagairt a dhéanamh don comharthaíocht), agus cuirtear an tiománaí ar a chumas, dá réir sin, cinneadh a dhéanamh faoi imeacht nó fanacht ann.

Ní mór d’oibrítheoir teanntála, a aimsíonn feithicil i limistéar teanntála gan aon íocaíocht taifeadta ina coinne, an t-am ‘aimsithe’ nó ‘feicthe’ a léiriú agus a thaifeadadh mar is gá ar an bhfógra teanntála. Is iad na gnáthmhodhanna léirithe ná grianghraif shoiléir, dhaite, a bhfuil dátstampa agus stampa ama orthu den fheithicil a thaispeánann go soiléir an áit ina mbeadh aon fhianaise fhisiciúil íocaíochta sofheicthe de ghnáth, mar shampla an deais.

I gcomhthéacs limistéar teanntála ina ndéantar íocaíocht trí mheán córais íocaíochta páirceála ar líne nó fhíorúil, is gnách gcuirtear seat scáileáin de chóras íocaíochta páirceála an oibritheora teanntála leis na grianghraif thuasluaite le léiriú nach raibh aon íocaíocht taifeadta i gcoinne chlárúimhir na feithicle ábhartha ag an am sin.

De réir Rialachán 5 de na Rialacháin, bíonn ar an oibritheoir teanntála an tréimhse cairde a chomhlíonadh i.e. le cinntiú nach n-imíonn níos lú ná deich nóiméad thart i ndiaidh aimsiú na teipe maidir le híoc as an bpáirceáil sula gcuirtear an teanntán ar an bhfeithicil. Chun achrainn neamhriachtanacha a sheachaint maidir le comhlíonadh ceart an riachtanais sin, molann an NTA go bhfanann oibritheoirí teanntála aon nóiméad déag (11) ón am aimsithe sula gcuirtear teanntán ar fheithicil.

Chomh maith le comhlíonadh na tréimhse cairde, tá ar oibritheoir teanntála an bhreathnóireacht sin a léiriú chomh maith, mar sin caithfear grianghraif shoiléir, dhaite, a bhfuil dátstampa agus stampa ama orthu a thógáil díreach sula gcuirtear an teanntán ar an bhfeithicil agus díreach ina dhiaidh. Molann an NTA go dtógfaí grianghraif i ndiaidh a chéile den roth atá teanntaithe díreach sula gcuirtear an teanntán air agus díreach ina dhiaidh, ionas gur féidir achar beacht na tréimhse cairde a ríomh (trí thagairt don fhianaise fhótagrafach a chuirtear ar fáil chun an t-am aimsithe a léiriú).

I gcomhthéacs phointe 2 thuas, is féidir an t-am aimsithe a léiriú le grianghraf soiléir, daite, a bhfuil dátstampa agus stampa ama air den ticéad éagtha - sa chás gur cruthaíodh ticéad fisiciúil de thoradh íocaíocht páirceála. Sa chás gur trí mheán córais íocaíochta ar líne nó fhíorúil a rinneadh an íocaíocht éagtha, tá seat scáileáin soiléir, daite, a bhfuil dátstampa agus stampa ama air den chóras íocaíochta a léiríonn am éaga na híocaíochta bunaidh go soiléir oiriúnach.

Is féidir comhlíonadh na tréimhse cairde i gcomhthéasc phointe 2 a léiriú sa mhodh a leagtar amach maidir le pointe 1 thuas.

Sa chás go dteipeann ar oibritheoir teanntála a léiriú gur comhlíonadh agus gur léiríodh an tréimhse cairde i gceart, is mó seans go measfar an teagmhas teanntála nó aistrithe mar theagmhas neamhbhailí.

5.1.5 Páircéail le Cead Páirceála (Cónaitheoirí & Cuarteoirí)

Baineann na forálacha seo a leanas le cásanna nuair atá páircéail le cead cónaitheoirí príobháideacha i bhfeidhm i bhforbraíochtaí tithíochta (lena n-áirítear limistéir páirceála le cead cónaitheoirí sainithe laistigh de limistéir páirceála príobháideacha eile), nach bhfuil faoi chúram Údaráis Áitiúil. Is é cúram an rialaitheora páirceála i ngach cás a chinntiú go gcomhlíonfar na riachtanais sin.

Baineann fodhlithe údaráis áitiúil le páirceáil le cead conaitheoirí i gcás bóithre faoi stiúir Údarás Áitiúil.

Feithicil Nua

I gcás go bhfuil páirceáil le cead cónaitheoirí príobháideacha i bhfeidhm, ba chóir go gcuirfidh Comhlacht Bainistíochta na nÚinéirí ag am ceannacháin na réadmhaoine nó úinéir na réadmhaoine ag am críochnaithe an chomhaontaithe léasa gach cónaitheoir i bhforbraíocht tithíochta ar an eolas faoi na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le páirceáil fheithicil na gcónaitheoirí laistigh den fhorbraíocht. Tá sé de fhreagracht ar chónaitheoir nach raibh feithicil aige ag an am a ndeachaigh sé chun cónaí san fhorbraíocht chónaithe a chinntiú go bhfuil sé/sí go hiomlán ar an eolas faoi na téarmaí agus na coinníollacha sin, sula gceannaíonn sé feithicil agus sula bpáirceálann sé í lastigh de chúirtealáiste an ionaid tithíochta.

I gcomhthéacs na suíomhanna ina bhfuil scéim páirceála le cead fisiciúil cónaitheora ag feidhmiú; tá sé de dhualgas ar chónaitheoir chomh maith a chinntiú go dtéann sé i dteagmháil leis an rialaitheoir páirceála chun cead a fháil an fheithicil a pháirceáil sa limistéar teanntála fad is atá sé ag fanacht ar an gcead fisiciúil. Sa chás go raibh tiománaí i dteagmháil le rialaitheoir páirceála maidir le ceannach cairr agus chun a léiriú go bhfuil cead fisiciúil iarrtha, tá ar an rialaitheoir páirceála a bheith réasúnta agus cothrom i gcomhthéacs gníomhaíochtaí teanntála a d'fhéadfadh tarlú.

Athrú Feithicil

Nuair atá cead páirceála reatha cónaitheora ag cónaitheoir, agus nuair atá an fheithicil ábhartha a eisíodh an cead ina leith diúscartha agus feithicil eile ceannaithe ina háit, ba chóir don rialaitheoir páirceála an nós imeachta seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- Tar éis an rialaitheoir páirceála a chur ar an eolas faoin athrú ar chúinsí (ba chóir go mbeadh iarratas ar chead don fheithicil ionaid san áireamh leis an eolas); ba chóir go nglacfaidh an rialaitheoir páirceála leis go bhfuil cead ag an bhfeithicil páirceáil san fhorbraíocht (de réir na rialacha maidir le páirceáil ag cónaitheoirí), go dtí go n-eiseofar an cead ionaid go foirmiúil. Molann an NTA cur chuige réasúnach agus cothrom maidir leis an teanntáil sna cúinsí sin chomh maith.

Athnuachan Ceada

Nuair atá cead páirceála cónaitheora reatha ag cónaitheoir, molann an NTA go dtabharfar tréimhse chairde de 14 lá chun an cead a athnuachan sula mbeidh an fheithicil faoi dhliteanas teanntála. Molann an NTA chomh maith go mbíonn rialaitheoirí páirceála agus oibritheoirí teanntála i ndlúth-theagmháil le comhlachtaí bainistíochta chun tuiscint chuimsitheach ar stádas aon tionscnamh forleathan athnuachana a chinntiú, feachtais athnuachana bhliantúla mar shampla.

Cónaitheoirí Nua

I gcomhthéasc forbraíochtaí tithíochta ina bhfuil páirceáil le cead cónaitheoirí príobháideacha i bhfeidhm, tá sé go hiomlán réasúnta a bheith ag súil go gcuirfidh an Comhlacht Bainistíochta ag am ceannacháin na réadmhaoine nó úinéir na réadmhaoine ag am críochnaithe an chomhaontaithe léasa cónaitheoirí nua ar an eolas faoi na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le páirceáil fheithicilí na gcónaitheoirí laistigh den fhorbraíocht. Tuigeann an NTA, áfach, nach dtarlódh sé sin i gcónaí.

Tá sé fíorthábhachtach, mar sin, go gcomhlíonann na rialaitheoirí páirceála a riachtanais faoi Chuid 5 de na Rialacháin ina n-iomláine agus go gcinntíonn siad go mbíonn na rialacha páirceála i bhforbraíocht den chineál sin á léiriú go soiléir i bhfoirm comharthaíochta ar an láthair.

Páirceáil Cuairteoirí

Caithefear na rialacha maidir le páirceáil cuairteoirí i limistéar teanntála a thaispeáint go soiléir. Nuair atá sé de dhualgas ar chuairteoir treoracha beachta a leanúint, mar shampla maidir le formaidiú téacs chláráithe do chuairteoir, ba cheart go mbeadh an fhormáid sin leagtha amach go soiléir le téacs samplach. Ba cheart go sonrófaí an cód suímh ábhartha agus uimhir téacs an fhaighteora go soiléir chomh maith. Go bunúsach, caithefidh go mbeidh sé éasca d'fhíorchuairteoirí clárú nó cloígh le rialacha an tsuímh ar bhealach gan mórán deacrachta.

Tugann an NTA faoi deara go gcrochann rialaitheoirí páirceála agus oibritheoirí teanntála comharthaíocht i roinnt limistéar páirceála do chuairteoirí a threoraíonn cuairteoirí dá 'n-óstach' chun eolas a fháil faoi mhodhanna cláráithe le haghaidh páirceáil cuairteora, agus faoi na rialacha agus na srianta a chuireann an rialaitheoir páirceála i bhfeidhm agus a bhaineann le páirceáil sa suíomh sin. Ní féidir le rialaitheoir páirceála a chúram chun na rialacha agus na srianta a bhaineann le páirceáil i limistéar teanntála a chur ar chónaitheoir sa chaoi sin. Ní mheasann an NTA go bhfuil comharthaí den chineál sin inghlactha mar ráitis shoiléir ar na rialacha agus treoracha páirceála, agus dá bharr sin, ní mheastar go gcomhlíonann siad na riachtanais atá leagtha amach i gCuid 5 den Rialachán.

5.1.6 Limistéir Teantála Glaoch Amach

Tá limistéir teantála ‘glaoch amach’ faoi réir na riachtanas reachtacha céanna, ó thaobh comharthaíochta de go háirithe, is atá na limistéir teanntála go léir. Mar sin féin, is léir go gcuireann siad dúshlán bhreise roimh rialaitheoirí páirceála agus oibritheoirí teanntála. Tagann siad chun cinn de ghnáth i gcomhthéacs bána páirceála sannta cónaitheacha nó gnó nuair a pháirceálann duine nach úsáideoir ainmnithe na bá páirceála é i mbá sannta. i roinnt cásanna, sanntar bá d’fheithicil ar leith seachas d’úsáideoir.

Tagann limistéir teanntála glaoch amach chun cinn i limistéir siopadóireachta amháil carrchlóis mhiondíola freisin, áit a mbíonn úinéirí, áititheoirí nó comhlachtaí bainistíochta ag iarraidh srian a chur ar úsáid na n-áiseanna páirceála.

In ainneoin aon iarratas a d’fhéadfadh a fháil ó chliant chun ‘glaoch amach’ agus feithicil ar leith a theanntú nó a athlonnú, tá sé de dhualgas ar an oibritheoir teanntála a chinntiú go bhfuil an fheithicil páirceáilte go héagórach trí thagairt a dhéanamh do na rialacha léirithe ar an gcomharthaíocht ag an suíomh, sula ndéantar aon ghníomh maidir le hiarratas mar sin. Mar shampla, más coinníoll úsáide an limistéir teanntála é íoc as an bpáirceáil, tá sé de dhualgas ar an oibritheoir teanntála (a) an ‘tréimhse chairde’ a chomhlíonadh agus (b) fianaise a fháil le léiriú gur comhlíonadh í.

Má bhraitear ar-eolas a fhaightear ó chliant a iarrann glaoch amach (m. sh. eolas mar gheall ar an am aimsithe), seans nach dtabharfadh sé fianaise leordhóthanach i dtaobh bhailíocht teagmhais teanntála.

5.1.7 Páirceáil Neamhdhleathach/ Éagórach a Léiriú

De réir Alt 10 de na Rialacháin 2017, tá ar oibritheoirí teanntála a chinntiú go bhfaightear fianaise fhótagrafach den pháirceáil mhídhleathach nó éagórach, a bhí mar chúis leis an teagmhas teanntála nó athlonnaithe, ag an am teanntála nó athlonnaithe.

Ba chóir go mbeadh grianghraif shoiléir, dhaite, a bhfuil dátstampa agus stampa ama orthu, agus ina léirítear cláruimhir iomlán na feithicle i gceann amháin acu ar a laghad, mar chuid den fhianaise. Cé nach bhfuil sé sonraithe sa reachtaíocht, tá sé i gceist go mbeadh grianghraf amháin ar a laghad mar chuid den fhianaise a léiríonn suíomh na feithicle atá páirceáilte go héagórach nó go neamhdhleathach i gcomparáid leis an gcomharthaíocht ábhartha is gaire di.

Nuair a bhaineann an teagmhas páirceála éagóraí le teip líomhnaithe i leith an tiománaí eolas nó cháipéisíocht a thaispeáint, tícéad Íoc & Taispeáin mar shampla, sa bhealach a éilíonn an rialaitheoir páirceála (bealach a chaithfear a bheith curtha in iúl go soiléir leis an gcomharthaíochta ar an láthair), ba chóir go léireodh an fhianaise fhótagrafach atá bailithe ag an oibritheoir teanntála go soiléir na háiteanna go léir den fheithicil a d'fhéadfadh an t-eolas nó an cháipéisíocht sin a chur ar taispeáint. Sa chás nach bhfuil an fhianaise fhótagrafach atá bailithe ag an oibritheoir teanntála cuimsitheach go leor chun an sárú, arb é cúis na teanntála nó an athlonnaithe é, a léiriú i gceart, agus dá réir sin nach bhfuil an fhianaise cuimsitheach go leor chun dearbhú ó thiománaí maidir le láithreachta an t-eolas cuí nó an cháipéisíocht chuí a bhréagnú, is é is dóichí go measfaidh na hOifigigh um Achomhairc ar Theanntáil go raibh an teagmhas teanntála nó athlonnaithe neamhbhailí le linn an dara céim den phróiseas achomhairc ar theanntáil.

Ar an mbealach céanna nuair nach bhfuil an fhianaise fhótagrafach a chuireann an rialaitheoir páirceála ar fáil chun tacú le teagmhas teanntála nó athlonnaithe leordhóthanach (mar shampla, grianghraif dhoiléire, grianghraif oíche dhoiléire) chun an cion nó sárú, arb é cúis na teanntála nó an athlonnaithe sin é, a léiriú go soiléir, is é is dóichí go measfaidh na hOifigigh um Achomhairc ar Theanntáil go raibh an teanntáil nó an athlonnú neamhbhailí le linn an dara céim den phróiseas achomhairc ar theanntáil.

Cuireann go leor tiománaithe isteach a gcuid fianaise fótagrafaí féin chun tacú le hachomhairc a dhéantar os comhair an rialtóra páirceála agus an Oifigeach um Achomhairc ar Theanntáil ainmnithe ag an NTA araon. Toisc nach gcuireann an tAcht nó na Rialacháin de cheangal ar an tiománaí cloí le caighdeáin forordaithe ina leith seo, ar bhonn cás ar chás a dhéanfar cinneadh faoi thábhacht agus faoi inghlacthacht na bpictiúr a chuireann tiománaí isteach.

5.1.8 Sáruithe & an Fógra Teanntála

Ó tháinig an reachtaíocht teanntála feithiclí i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2017, tá na rialacha agus na srianta páirceála iomadúla agus éagsúla atá curtha i bhfeidhm ag rialaitheoirí páirceála in áiteanna teanntála tugtha faoi deara ag an NTA. Cé go bhfuil príomhchoincheapa chun tosaigh iontu, mar shampla 'Íoc & Taispeáin, Uastréimhse Pháirceála, Páirceáil le Cead Amháin, srl., tá tábhacht ag baint leis an éagsúlacht sa teanga a úsáidtear chun na rialacha a chur in iúl agus is cosúil gurb é is cúis le roinnt den mhearbhall a bhíonn ar an bpobal tiomána. Molann an NTA mar sin go n-oibríonn rialaitheoirí páirceála le chéile chun téarmaíocht sheasmhach a bhunú agus a chur i bhfeidhm do chionta den chineál céanna.

D'fhéadfadh téarmaíocht sheasmhach den chineál sin a thabhairt isteach i limistéir teanntála de réir mar a dhéantar uasghrádú ar chomharthaíocht (de thoradh measúnuithe ar chomhlíonadh comharthaíochta teanntála a dhéantar ar son an NTA nó i gnáthchúrsaí gnó). Dá dtabharfaí isteach téarmaíochta seasmhaí i gcomhthéacs na rialacha agus na srianta is infheidhme i limistéir teanntála, bheadh cinnteacht níos mó ag tiománaithe agus ba cheart go gcuirfeadh sé le laghdú ar theagmhais páirceála éagóracha 'mearbhallbhunaithe' le himeacht ama.

Thug an NTA éagsúlacht téarmaíochta den chineál céanna faoi deara maidir le 'sáruithe' nó 'cionta' a luadh ar na fógraí teanntála a tugadh do thiománaithe ag an am teanntála nó athlonnaithe. Dá bharr sin, rinne an NTA iarracht roinnt caighdeán earnála a bhunú trí liosta de na sáruithe in úsáid ag rialaitheoirí páirceála a chomhdhlúthú, arís eile chun níos mó seasmhachta agus soiléireachta a chur ar fáil don phobal tiomána.

I Samhain 2018, scaipeadh an liosta comhdhlúite seo a leanas de na sáruithe lena plé, agus éilíonn an NTA anois go léiríonn na rialaitheoirí páirceála go léir na cionta ar an liosta agus fógraí teanntála á gcomhlíonadh acu de réir Alt 13(1)(a) den Acht.

I bhforbairt an liosta seo a leanas, thug an NTA aird chuí do na toirmisc páirceála a leagtar amach sna Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Páirceáil), 1997, atá mar thaca faoi na teagmhais teanntála agus athlonnaithe ar bhóithre poiblí.

Sáruithe Caighdeánaithe/ Tionscal Teanntála	Catagóir
Mí-úsáid bá do luchtú feithiclí leictreonacha amháin	Páirceáil
Páirceáil do Chustaiméirí Amháin*	Páirceáil
Feithicil gan cáin tráchtála páirceáilte i mbá lódála	Páirceáil
Cosc ar Pháirceáil Thar Oíche	Páirceáil
Páirceáil i limistéar coiteann	Páirceáil
Páirceáil i Limistéar Seirbhíse Príosúin sainithe	Páirceáil
Páirceáil i Limistéar tacsaithe Sainithe / Stad Bus	Páirceáil
Páirceáil i mBealach Coiscithe	Páirceáil
Páirceáil i limistéar srianta	Páirceáil
Páirceáil i limistéar haitseáilte	Páirceáil
Ticéad Páirceála Éagtha	Íocaíocht
Ticéad Íoc & Taispeáin Éagtha	Íocaíocht
Ní bhfuarthas aon íocaíocht páirceála don fheithicil seo (ar théacs/ aip nó ar líne)	Íocaíocht
Ní bhfuarthas aon íocaíocht páirceála don fheithicil seo	Íocaíocht
Ní bhfuarthas aon íocaíocht chun úsáid a bhaint as an mbá páirceála seo	Íocaíocht
Páirceáil gan ticéad bailí páirceála ar taispeáint	Íocaíocht
Ticéad Íoc & Taispeáin ar taispeáint go mícheart/ doléite	Íocaíocht
Cead mícheart ar taispeáint le haghaidh úsáid na bá páirceála seo	Cead
Gan cead bailí ar taispeáint	Cead
Gan cead bailí ar taispeáint agus gan cead fíorúil	Cead
Gan cead bailí do chlub roinnte carranna ar taispeáint	Cead
Páirceáilte i mbá do dhaoine faoi mhíchumas gan cead bailí páirceála do dhuine faoi mhíchumas ar taispeáint	Cead
Sealbhóirí ceads agus cuairteoirí cláraithe amháin	Cead
Cead doléite	Cead
Uasmhéid Ama atá Ceadaithe Sáraithe	Trácht
Uasmhéid Ama atá Ceadaithe i mBá Lódála Sáraithe	Trácht
Sa Bhealach ar Bhealach Rochtana/Imeachta Éigeandála	Trácht
Sa Bhealach ar Sheirbhísí Éigeandála	Trácht
Sa Bhealach ar Thrácht/ ar Fheithiclí Páirceáilte Eile	Trácht
Sa Bhealach ar bhealach rochtana/imeachta réadmhaoine	Trácht
Páirceáil 'Taobh amuigh den Bhá'	Trácht
Páirceáil i limistéar 'Cosc ar Pháirceáil'	Trácht
Páirceáil/Stopadh i mBá Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas	Trácht
Páirceáil na feithicil laistigh de 15 mhéadar de thrasrian coisithe (taobh an bhealaigh isteach) nó laistigh de 5 mhéadar ar an taobh eile	Trácht
Páirceáil na feithicil laistigh de 15 mhéadar ó ionad coisithe (taobh an bhealaigh isteach) agus laistigh de 5 mhéadar ar an taobh eile nó ar fhiarláin	Trácht
Páirceáil na feithicil laistigh de 15 mhéadar ó shoilí tráchtas (ar an mbealach isteach) agus laistigh de 5 mhéadar ar an taobh eile	Trácht
Páirceáil feithicil i limistéar corrrhádála	Trácht
Páirceáil feithicil ar chosán/chiumhais féir/nó ar lárstráice	Trácht
Páirceáil feithicil ar shráid do choisithe amháin	Trácht
Páirceáil feithicil earraí troma (HGVanna) níos troime ná an meáchan sonraithe	Trácht
Páirceáil i lána bus	Trácht
Páirceáil i raon rothar	Trácht
Páirceáil i Lána Tram	Trácht
Páirceáil i limistéar 'Spásanna Sannta amháin'	Trácht
Páirceáil ar líne bhúí dhúbailte	Trácht
Páirceáil ar líne bhúí shingil	Trácht
Páirceáil ar bhosca buí	Trácht
Páirceáil/stad feithicil ag bealach isteach scoile	Trácht
Páirceáil/stad feithicil ar ghlanbhealach	Trácht
Páirceáil laistigh de 5 mhéadar ó acomhal bóithre	Trácht
Páirceáil ar líne bhán leanúnach	Trácht
Páirceáil Neamhúdaraithe i mBá Lódála	Trácht
Páirceáil Neamhúdaraithe i Spás Cónaitheora	Trácht
Feithicil i gCúpla Spás	Trácht
* Is ar an rialaitheoir páirceála a bheidh sé a léiriú nach raibh an tiománaí ina chustaiméir, nó go raibh sé ina chustaiméir ach nár chomhlíon sé téarmaí agus na coinníollacha an limistéir teanntála.	

Ní mór do leagan amach an fhógra teanntála cloí leis na riachtanais a leagtar amach i gceachtar de:

- (a) Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Feithiclí a Dhéanamh Doghluaiste) 1998 (I.R. Uimh.247/1998), nuair a chuirtear teanntán ar fheithicil ar bhóthar poiblí; nó
- (b) Rialachán 13 agus Sceideal 1 de na Rialacháin, nuair a chuirtear teanntán ar fheithicil i ngach cás eile.

I gcás fógra teanntála eisithe de réir (b) thuas, ba cheart go mbeadh sé go hiomlán inléite, leagtha amach ina iomláine ar bhileog páipéir amháin nó ar ábhar comhchosúil agus priontáilte ar ábhar uiscédhíonach nó curtha i gclúdach litreach nó i gclúdach uiscédhíonach trédhearcach agus é greamaithe leis an bhfeithicil.

Is ceanglas sainordaitheach é riachtanais Rialachán 13 agus Sceideal 1 a ghabhann leis na Rialacháin a chomhlíonadh. Nuair atá fógra teanntála formáidithe go mícheart, comhlíonta go mícheart, nó greamaithe le feithicil i mbealach uireasach, d'fhéadfadh Oifigeach um Achomhairc ar Theanntáil a mheas go bhfuil neamhchomhlíonadh nó neamhchomhlíontachtaí den chineál sin níos dáiríre ná an sárú ná an choir féin a bhí mar chúis leis an teagmhas teanntála nó athlonnaithe ar an gcéad dul síos.

Chomh maith leis an riachtanas chun fógra teanntála a ghreamú leis an bhfeithicil agus an teanntán á chur air, agus cé nach bhfuil sé sonraithe sa reachtaíocht, moltar go gcuirfí fógra greamaitheach inbhainte ar fhuinneog an tiománaí chun rabhadh a thabhairt don tiománaí go bhfuil an fheithicil i ndiaidh a bheith teanntaithe chun nach ndéanfadh an tiománaí iarracht tiomáint trí thimpiste gan a thabhairt faoi deara go bhfuil teanntán curtha ar an bhfeithicil. Sa chás go n-úsáidfí iad, ba chóir go mbeadh aon pháirtí in ann fógraí den chineál sin a bhaint gan aon ghá le huirlisí ar leith a úsáid agus gan aon dochar a dhéanamh d'fhuinneog an tiománaí nó gan glanadh speisialta a bheith ag teastáil uaithe.

5.1.9 Teanntán a Chur ar Fheithicil

Éilíonn Rialachán 9 de na Rialacháin go gcaithfí an teanntán a bheith dea-dhéanta agus d'ábhar miotail iontaofa, ar dhath an bhuí agus in ann a bheith greamaithe agus bainte ag oibritheoir teanntála cumasach gan damáiste a dhéanamh don fheithicil ná gortú don oibritheoir teanntála, don tiománaí ná do dhaoine eile.

Tá sé fíorthábhachtach mar sin go mbíonn na hoibritheoirí teanntála oilte go hiomlán in úsáid agus baint teanntán agus, chomh maith leis sin, go mbíonn na teanntáin in úsáid oiriúnach don fheidhm.

Maidir leis seo, tá sé tugtha faoi deara go n-úsáidtear oibritheoirí teanntála teanntáin uaireanta, nach bhfuil den mhéid oiriúnach don fheithicil faoi thrácht, chun an bac gluaiseachta a chur i gcrích, mar shampla nuair a úsáidtear teanntán atá níos oiriúnaí do roth cairr chun bac gluaiseachta a chur ar roth veain móire. Is é an toradh ná gur féidir le tríú páirtithe an chuid miotail den teanntán a bhogadh, rud a mhéadaíonn an dochúlacht go ndéanfaí damáiste don fheithicil atá faoi bhac gluaiseachta.

Toisc an costas a bhaineann le feithiclí a cheannach agus a dheisiú, molann an NTA nach n-úsáidtear ach teanntáin den mhéid oiriúnach agus bac gluaiseachta á chur ar fheithiclí. Sa chás nach bhfuil teanntán den mhéid oiriúnach ag an oibritheoir teanntála, ba cheart dó éirí as an fheithicil a theanntú.

Ar deireadh, measann an NTA gurb é an dea-chleachtas é go dtógfadh an t-oibritheoir teanntála grianghraif shoiléire, dhaite, a bhfuil dátstampa agus stampa ama orthu den cholbha rotha sula gcuirfí an teanntán leis an roth agus ina dhiaidh le léiriú gur cuireadh an próiseas i gcrích gan aon damáiste don fheithicil.

Déanann an NTA moladh comhchosúil i gcomhthéacs bainte teanntáin freisin.

5.1.10 Athlonnú Feithiclí

Leagann Rialachán 5 de na Rialacháin amach na paraiméadair a bhaineann le hathlonnú feithicle i limistéir teanntála. Tá sé soiléir ón bhforáil seo, agus ón reachtaíocht ina hiomláine go deimhin, go bhféadfadh athlonnú a úsáid mar uirlis chomhlíonta pháirceála i limistéir teanntála sa chaoi chéanna is a úsáidtear an teanntáil de réir na gcritéar céanna, mar shampla comhlíonadh na 'tréimhse cairde' agus riachtanais fianaise. Sa chleachtas, áfach, úsáidtear athlonnú mar uirlis chomhlíonta i dtrí phríomhchás faoi láthair.

1. Athlonnú láithreach feithicle laistigh de limistéir teanntála.
 - a. Tarlaíonn sé seo de ghnáth nuair atá feithicil páirceáilte go héagórach (i limistéir teanntála neamhreachtúil) nó go neamhdhleathach (i limistéir teanntála reachtúil), agus is é nádúr na páirceála éagóraí nó neamhdhleathaí ná bacainn. Is é feidhm an athlonnaithe láithrigh mar sin ná an bhacainn a bhaint.
2. Athlonnú tar éis tréimhse 24 uair go suíomh eile laistigh den limistéir teanntála nó suíomh áit éigin eile, mar shampla póna.
 - a. Tarlaíonn sé seo de ghnáth nuair atá feithicil páirceáilte go héagórach (i limistéir teanntála neamhreachtúil) nó go neamhdhleathach (i limistéir teanntála reachtúil), agus is é nádúr na páirceála éagóraí nó

neamhdhleathaí ná go mbaineann sé le teip an tiománaí an táille pháirceála chuí a íoc amháin. Éilíonn Rialachán 5(e) go bhfanann an rialaitheoir páirceála nó an t-oibritheoir teanntála go dtí deireadh na tréimhse 24 uair sula n-athlonnófar feithicil sna cúinsí sin. Féadfar an fheithicil a athlonnú laistigh den limistéar teanntála nó go suíomh éigin eile cosúil leis an bpóna.

1. Athlonnú go suíomh nach bhfuil laistigh den limistéar teanntála m.sh. go póna.
 - a. Tarlaíonn sé seo de ghnáth nuair atá an táille chuí (mar atá sainithe ag an Acht) iníoctha don rialaitheoir páirceála nó don oibritheoir teanntála chun scaoileadh na feithicle a dheimhniú gan íoc tar éis na tréimhse ama forordaithe ag an rialaitheoir páirceála nó ag an oibritheoir teanntála. Molann an NTA nár chóir don tréimhse ama sin a bheith níos lú na 24 uair ón am teanntála nó athlonnaithe.

Leagann Rialachán 8 amach na riachtanais atá de dhualgas ar na hoibritheoirí teanntála i limistéar teanntála neamhrechtúil, nuair atá feithicil athlonnaithe go suíomh seachas suíomh gur féidir a fheiceáil go soiléir ó shuíomh páirceála bunaidh na feithicle. I gcás mar sin, tá ar an oibritheoir teanntála sonraí an athlonnaithe a chur ar fáil lena n-áirítear sonraí na feithicle agus sonraí an tsuímh bunaidh agus an tsuímh nua (a) don Gharda Síochána ag an stáisiún atá freagrach as an gceantar ónar aistríodh an fheithicil, agus (b) don rialaitheoir páirceála, nuair nach ionann an rialaitheoir páirceála agus an t-oibritheoir teanntála. Tá ar an oibritheoir teanntála an fógra sin a léiriú go hiomchuí, mar shampla trí mheán glaochthaifeadta.

Ní leagann amach an tAcht ná na Rialacháin an próiseas gur cóir d'oibritheoir teanntála nó do rialaitheoir páirceála a leanúint sa chás nach bhfaigheann an tiománaí an fheithicil athlonnaithe ar ais laistigh de thréimhse ama réasúnta. Tugann an NTA faoi deara go bhfuil a bpróisis féin ag rialaitheoirí páirceála agus oibritheoirí teanntála chun dul i ngleic le cásanna mar sin.

Chun leanúnachas a chinntiú don phobal tiomána, áfach, agus le bheith tuisceanach go bhfhéadfadh moill maidir le feithiclí a fháil ar ais a bheith de thoradh cúinsí gan choinne nó tubaisteacha, déanann an NTA na moltaí seo a leanas:

1. Nuair atá an tiománaí curtha ar an eolas maidir le suíomh na feithicle agus aon táille chuí iníoctha, ní thosódh imeachtaí chun deireadh a chur le saolré na feithicle go dtí go mbeidh 21 lá nó níos mó caite ó cuireadh an tiománaí ar an eolas faoi. Tá ar an rialaitheoir páirceála agus ar an oibritheoir teanntála fianaise chuí a choimeád ar an eolas a tugadh don tiománaí, mar shampla taifeadtaí glaoigh.

-
2. Nuair nach bhfuil an tiománaí curtha ar an eolas maidir le suíomh na feithicle (agus na táillí cuí iníoctha), ní thosódh imeachtaí chun deireadh a chur le saolré na feithicle go dtí go mbeidh 42 lá nó níos mó caite ón athlonnú. Tá ar an rialaitheoir páirceála agus ar an oibritheoir teanntála fianaise chuí a choimeád ar na hiarrachtaí a rinneadh chun an tiománaí a chur ar an eolas (mar is infheidhme).

5.1.11 Toirmisc ar Theanntáil & Athlonnú

Cuireann Cuid 14 den Acht toirmeasc ar theanntáil agus athlonnú na bhfeithiclí seo a leanas agus iad páirceáilte i limistéir teanntála:

- Otharcharr éigeandála;
- Feithicil Briogáide Dóiteáin;
- Aon fheithicil in úsáid ag ball den Gharda Síochána nó d'Óglaigh na hÉireann i gcomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas; agus
- Feithicil “Seiceáil an luais” (agus í páirceáilte de bhun fhorálacha chuid 81 (1) agus (7) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010).

Ina theannta sin, agus de réir mar atá tugtha faoi sa chuid den Chód Cleachtas seo dar teideal “Ceadanna Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas”, ní fhéadfaí feithicil ag a bhfuil cead páirceála do dhuine faoi mhíchumas ar taispeáint a theanntú i limistéir teanntála reachtúil, ach amháin sa chás go bhfuil cúiseanna réasúnacha ag an rialaitheoir carrchlóis nó ag an oibritheoir teanntála le creidiúint nach bhfuil an fheithicil páirceáilte ar mhaithe leis an duine ar ceadaíodh an cead dó.

Nuair atá pionóis an mhuirir sheasta eisithe i leith páirceáil feithicle, ní fhéadfaí an fheithicil a theanntú nó a athlonnú fad is atá sí ag an suíomh sin, ach amháin má tá an fheithicil páirceáilte i mbealach contúirteach nó ina cúis le bac, agus sa chás sin d'fhéadfaí í a athlonnú go suíomh eile ar bhóthar poiblí.

Má bhaineann rialaitheoir páirceála nó oibritheoir teanntála teanntán d'fheithicil gan úinéir na feithicle nó an duine atá freagrach as an bhfeithicil i láthair ag an am a baineadh an teanntán agus má fhanann an fheithicil ag an suíomh inar teanntaíodh í, ní fhéadfaí an fheithicil a theanntú arís go dtí go gcomhlíonfaí an coinníoll is déanaí de na coinníollacha seo a leanas:

- Dhá uair ó íocadh an táille scaoilte teanntáin, nó
- Uair amháin ó baineadh an teanntán bunaidh.

5.1.12 Córais Íocaíochta Táille Bainte Teanntáin/ Athlonnaithe

De réir Rialachán 14(b) de na Rialacháin caithfidh rialaitheoir páirceála agus/ nó oibritheoir teanntála socruithe réasúnta a dhéanamh chun íocaíocht láithreach na táille cuí a éascú.

Ba chóir go mbeifí in ann íocaíocht a dhéanamh ar dhá mhodh, ar a laghad, de na modhanna seo a leanas:

- Airgead tirim;
- Cárta (dochair nó creidmheasa);
- Córas íocaíochta dearbhán (nuair atá córas íocaíochta den chineál sin ceadaithe ag an NTA); nó
- Modh eile a d'fhéadfadh a bheith ceadaithe ag an NTA.

Go bunúsach, nuair nach bhfuil rialaitheoir páirceála nó oibritheoir teanntála in ann glacadh le híocaíocht ar dhá mhodh, ar a laghad, de na modhanna a leagtar amach i Rialachán 14(b), caithfidh siad éirí as gníomhartha teanntála go dtí go mbeidh siad in ann a ndualgas faoin bhforáil réamhluaite a shásamh.

Nuair atá áis íocaíochta ar líne nó ar an bhfón curtha ar fáil ag rialaitheoir páirceála chun tacú lena hoibriúcháin teanntála, ba chóir di a bheith ag feidhmiú ina iomláine i dtólamh. Sa chás go dtagann fadhbanna feidhmiúlachta chun cinn, ba cheart go dtreorófaí oibritheoirí teanntála chun:

- (a) Na feithiclí atá teanntaithe ag am sin a scaoileadh; agus
- (b) Éirí as feithiclí breise a theanntú, go dtí go mbeidh fadhbanna feidhmiúlachta an chórais íocaíochta réitithe.

Ar an mbealach céanna, nuair a ghlacann rialaitheoir páirceála nó oibritheoir teanntála le híocaíochtaí le gléas láimhe léite cártaí, ba chóir dá léithéid a bheith ag feidhmiú ina iomláine i dtólamh. Má tá gléas den chineál sin ag brath ar chomhartha idirlín agus má tá an comhartha sin lag nó mura bhfuil sé ar fáil i limistéar teanntála áirithe, ba chóir stad a chur le teanntáil sa suíomh sin go dtí go mbeidh an rialaitheoir páirceála nó an t-oibritheoir teanntála in ann a dhualgais chun glacadh le híocaíocht ar dhá mhodh ar a laghad de na modhanna a leagtar amach thuas a shásamh.

Go bunúsach, ní fhéadfaí a iarraidh ar thiománaí nó ar bhall den phobail atá ag iarraidh an táille chuí a íoc imeacht ón limistéar teanntála, mar shampla chun dul áit éigin ag a bhfuil rochtain níos fearr ar idirlíon, chun íocaíocht a dhéanamh.

Nuair atá tiománaí ag iarraidh íocaíocht a dhéanamh le hairgead tirim, ní mór don rialaitheoir páirceála nó don oibritheoir teanntála freastal ar iarratas de chineál sin. Tá sé de dhualgas ar an íocóir, áfach, a chinntiú go bhfuil a dhóthain airgead tirim á iompar aige chun an táille chuí a íoc sula ndéanfaidh sé teagmháil leis an rialaitheoir páirceála nó leis an oibritheoir teanntála chun scaoileadh na feithicle a iarraidh.

Níor chóir do rialaitheoir páirceála nó d'oibritheoir teanntála riamh dul in éineacht (de chois nó i gcarr) le tiománaí nó le ball den phobal atá ag iarraidh íocaíocht a dhéanamh le hairgead tirim, go ATM chun airgead a aistarraingt chun an táille chuí a íoc.

Níl eisiúint admhála tar éis íocaíocht na táille cuí sainordaithe ag an reachtaíocht teanntála. Ní gnách go n-eiseofaí admhálacha i leith íocaíochtaí arna ndéanamh ar an bhfón, le cárta íocaíochta nó le córas dearbhán.

Tiocfaidh cúinsí chun cinn, áfach, nuair a bheadh an táille chuí íoctha ag ball den phobal go n-iarrfadh sé admháil i scríbhinn ar an íocaíocht ón rialaitheoir páirceála nó ón oibritheoir teanntála pé ar bith an bealach íocaíochta. I gcásanna mar sin, caithfear admháil scríofa a eisiúint don duine sin. Mura bhfuil sé indéanta admháil oigifiúil ginte ó chóras leictreonach bainistíochta ar theanntáil a eisiúint láithreach, ar chúis ar bith, caithfear admháil shealadach a ofráil don duine a rinne an íocaíocht agus caithfear an admháil oifigiúil, má iarrtar í, a sheoladh chuig seoladh poist nó seoladh ríomhphoist an duine sin (mar atá tugtha le fios) laistigh de 48 uair ón iarratas.

5.1.13 Tréimshí Scaoilte & Dea-Chleachtas maidir le Baint Teanntán agus Athlonnú Feithiclí

Éilíonn Rialachán 6 de na Rialacháin go gcaithfear teanntáin a bhaint d'fheithicil tráth nach déanaí ná dhá uair tar éis go n-íoctar na táille cuí nó tar éis go gcinntear go dtarscaoiltear an táille. Sa chás go dtugann an rialaitheoir páirceála nó an t-oibritheoir teanntála faoi deara nach mbeidh sé indéanta an tréimshé dhá uair atá leagtha amach sna Rialacháin a chomhlíonadh, de bharr deacrachtaí oibriúcháin gearrthéarmacha mar shampla, tá orthu éirí as teanntáil ansin go dtí go mbeidh siad in ann Rialachán 6 a chomhlíonadh ina iomláine.

Ar mhaithe le sábháilteacht agus leas an phobail agus sa mhéid go bhfuil sé indéanta leis na srianta tíreolaíochta, áfach, molann an NTA go ndéanfaí gach iarracht an tréimhse sin a laghdú go suntasach sna cúinsí seo a leanas:

- Le linn uaireanta dorchadais;
- Nuair atá an limistéar teanntála iargúlta nó nuair nach bhfuil soilse maithe ann;

-
- Nuair a thagann sé chun solais go bhfuil an tiománaí aosta, faoi mhíchumais nó in éineacht le páistí óga; agus
 - Nuair atá an fheithicil athlonnaithe laistigh den limistéar teanntála ach nuair nach bhfuil an tiománaí in ann rochtain a fháil air chun foscadh nó fothain a fháil i gcás drochaimsire nó buarthaí sábháilteachta.

Nuair atá an fheithicil athlonnaithe i limistéar teanntála neamhrechtúil go suíomh nach féidir a fheiceáil ó shuíomh páirceála bunaidh na feithicle (mar shampla póna), léiríonn Rialachán 8 go soiléir na riachtanais atá de dhualgas ar an oibritheoir teanntála. Go saineúil, tá ar an oibritheoir teanntála an Garda Síochána agus an rialaitheoir páirceála (nuair nach ionann an rialaitheoir páirceála agus an t-oibritheoir teanntála) a chur ar an eolas, ag cur na sonraí forordaithe ar fáil, d'fhonn an crá agus an baol don tiománaí a íoslaghdú, chomh fada agus is féidir. Ba chóir an t-eolas sin a chur ar fáil láithreach don tiománaí sa chás go rachadh sé i dteagmháil leis an oibritheoir teanntála go díreach. Níl cead ag rialaitheoirí páirceála ná ag oibritheoirí teanntála íocaíocht na táille cuí a iarraidh sula gcuireann siad an tiománaí ar an eolas faoi shuíomh na feithicle.

Is ionann teip ar oibritheoir teanntála clói le riachtanais Rialacháin 6 agus 8 agus cionta coiriúla chun críocha na reachtaíochta teanntála.

5.1.14 Achomhairc Teanntála & Nósanna Imeachta Gearán

I gcomhréir le hAlt 20 den Acht, tá úinéir feithicle nó an duine atá i bhfeighil feithicle atá tar éis a bheith teanntaithe nó athlonnaithe i dteideal achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh an fheithicil a theantú nó a athlonntú os comhair an rialaitheora páirceála ar an géad dul síos⁶. Tugtar an próiseas achomhairc céadchéime ar theantáil air seo.

Éilíonn Alt 13 den Acht ar rialaitheoirí páirceála sonraí a chur ar fáil ar an bhfógra teanntála a chuirtear ar an bhfeithicil ag an am teanntála nó athlonnaithe maidir leis an bpróiseas achomhairc céadchéime atá bunaithe acu. Is minic a bhíonn an t-eolas sin le fáil freisin ar admhálacha a eisíonn rialaitheoirí páirceála agus oibritheoirí teanntála chun íocaíocht na táille bainte teanntála nó athlonnaithe cuí a aithint.

⁶ Maidir leis sin, tugtar chun suntais go gcuireann roinnt rialaitheoirí páirceála é de fhreagracht ar oibritheoirí teanntála achomhairc chéadchéime a dhéantar a phróiseáil. Ní mheastar gur sárú é sin ar théarmaí an Achta toisc go bhfuil a ndualgais comhlíonta fós na rialaitheoirí páirceála 'nósanna imeachta a chur i bhfeidhm' chun deis a thabhairt do thiománaithe achomharc céadchéime a dhéanamh.

Tá ar an tiománaí (nó ar an achomharcóir) achomharc céadchéime ar theanntáil a chur isteach (a) tríd an mbealach a shonraíonn an rialaitheoir páirceála ar an bhfógra teanntála agus (b) tráth nach déanaí ná 60 lá ón teagmhas teanntála nó athlonnaithe. I gcomhréir le Rialachán 16 de na Rialacháin, tá an rialaitheoir páirceála i dteideal diúltiú d'aon achomharc céadchéime nach gcomhlíonann na riachtanais sin a mheas.

Nuair atá achomharc céadchéime curtha isteach i gcomhréir leis na riachtanais a shonraítear ag (a) agus (b) thuas, tá ar an rialaitheoir páirceála (nó ar an oibritheoir teanntála atá ar conradh ón rialaitheoir páirceála déanamh amhlaidh) a chinneadh a dhéanamh agus a chur in iúl don tiománaí i scríbhinn, laistigh de 21 lá ón achomharc a fháil.

Tá tiománaithe nach bhfaigheann toradh fabhrach ón bpróiseas achomhairc céadchéime i dteideal achomharc breise (achomharc dara céime) a dhéanamh os comhair an Oifigeach um Achomhairc ar Theanntáil atá ainmnithe ag an NTA laistigh de 30 lá ó litir chinnidh na céadchéime a fháil ón rialaitheoir páirceála⁷.

Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcinntíonn rialaitheoirí páirceála agus oibritheoirí teanntála cinnte go gcuirfí gach achomharcóir ar an eolas faoina cheart achomharc dara céime a dhéanamh os comhair an Oifigeach um Achomhairc ar Theanntáil ag an NTA i gcás nach mbeidh siad sásta le toradh an achomhairc tosaigh os comhair an rialaitheora páirceála (fiú má aisíoctar an táille chuí i bpáirt). Caithfear an riachtanas go ndéanfaí an t-achomharc bhreise seo laistigh de 30 lá ó chinneadh an rialaitheora páirceála a fháil a chur in iúl go soiléir i ngach cás nuair nár ceadaíodh achomharc agus nuair nár aisíocadh an táille chuí ina hiomláine. Molann an NTA go gcuirfí treoir shoiléir a thugann comhairle don tiománaí dul chuig [láithreán gréasáin an NTA](#) le haghaidh eolais iomláin sa litir cinnidh a eisiúnn an rialaitheoir páirceála tar éis achomhairc céadchéime mhírathúil.

Le linn a idirphlé leis an achomharcóir i gcomhthéacs an phróisis achomhairc céadchéime, beidh an rialaitheoir páirceála (nó an t-oibritheoir teanntála a fheidhmíonn ar son an rialaitheora páirceála) dea-bhéasach, eolasach, cabhrach agus measúil i dtólamh sna meáin chumarsáide.

I gcás go measfadh tiománaí, achomharcóir nó ball den phobail nár chomhlíon an rialaitheoir páirceála nó an t-oibritheoir teanntála a ról mar is cóir, féadfar gearán a dhéanamh go díreach leis an NTA i gcomhréir le hAlt 18 den Acht.

⁷ Is fiú na pointí seo a leanas a lua: (a) meastar go dtosaíonn an tréimhse 30 lá ar an lá a fhaigheann an tiománaí cinneadh an achomhairc céadchéime, agus (b) caithfear cóip de chinneadh achomhairc céadchéime an rialaitheora páirceála a chur san áireamh leis an achomharc dara céime.

I gcomhréir leis an bhforáil sin, tugtar an chumhacht don NTA gearáin ó bhaill den phobal a mheas maidir leis na rudaí seo a leanas:

- Comhlíonadh freagrachtaí ag rialaitheoirí páirceála.
- Iompar, iompraíocht agus sainaitheint oibritheoirí teanntála.
- Moill, nach bhfuil gá léi, ag rialaitheoirí páirceála nó ag oibritheoirí teanntála maidir le gearáin nó cumarsáid eile ó bhaill den phobal a fhreagairt.
- Aithint feithiclí arna n-úsáid ag oibreoirí teanntála (lena n-áirítear lógónna, greamáin agus fógra ar na feithiclí sin).

Féadfar gearán faoi theanntáil a dhéanamh tríd an [bhFoirm Ghearáin maidir le Teanntáil](#) a chomhlíonadh (ina hiomláine agus de réir na dtreoracha faoi iamh) agus í a chur ar ais chuig an NTA laistigh de 60 lá ón teagmhas a bhí ina chúis leis an ngearán. Meastar go dtosaíonn an tréimhse 60 lá ar lá an teagmhais.

Cé nach bhfuil sé sainordaithe faoin Acht nó faoi na Rialacháin, molann an NTA go gcuirfeadh rialaitheoirí páirceála agus oibritheoirí teanntála sonraí faoin Nós Imeachta Gearán faoi theanntáil ar fáil do thiománaithe, agus don pobal níos leithne, ar a láithreáin gréasáin.

Tá tuilleadh eolais faoin [Nós Imeachta Achomharc](#) agus faoin [Nós Imeachta Gearán](#) arson ar fáil ar [láithreán gréasáin an NTA](#).

5.1.15 Dea-thoil

I dtionscal ar bith tá sé tábhachtach go ndéanfaí fíorchúinsí a bhíonn mar chúis le sárúithe ar rialacha ag an bpobal a mheas i gceart. I gcomhthéacs an tionscal teanntála, ní gá cúinsí mar sin a mheas (bíodh sé ar bhonn comhbhá nó dea-thola) ach i gcásanna inar tharla páirceáil éagórach nó neamhdhleathach agus go raibh an teagmhas teanntála nó athlonnaithe bailí. Chuirfeadh feidhmiú na dea-thola nó na comhbhá mar sin iallach ar an rialaitheoir páirceála nó ar an oibritheoir teanntála ioncam a bheadh tuillte aige go dleathach ón a chuid gníomhaíochtaí teanntála a chailleadh.

Is í sin an chúis go bhfuil feidhmiú na dea-thola, na lánrogha nó na boige i gcásanna comhbhá is ábhartha don phróiseas achomhairc céadchéime. Dá bhrí sin, molann an NTA go ndéanfadh rialaitheoirí páirceála agus oibritheoirí teanntála machnamh réasúnach agus láimhseáil chuí ar achomhairc chéadchéime den chineál sin.

Nuair a ardaítear achomhairc, atá bunaithe ar iarratais ar dhea-thoil agus / nó ar chomhbhá, go dtí an próiseas achomhairc dara céime, d'fhéadfadh go n-iarrfadh na hOifigigh um Achomhairc ar Theanntáil atá ceaptha ag an NTA chun ábhair mar sin a shocrú an táille bainte teanntán nó an táille scaoilte feithicle a aisíoc ina hiomláine nó i bpáirt d'ainneoin bailíocht teagmhais teanntála nó athlonnaithe.

Tabharfaidh na hOifigigh um Achomhairc ar Theanntáil, atá *neamhspleách i bhfeidhmiú* a ról de réir Alt 21 den Acht, aird mar is cuí ar chúinsí iomlána an teagmhais teanntála agus déanfaidh siad iarracht cothromaíocht a fháil idir cearta an achomharcóra agus cearta an rialaitheora páirceála nó an oibritheora teanntála agus na cinní sin á ndéanamh acu.

Cead Páirceála do Dhuine Faoi Mhíchumas

I 1998, d'eisigh Comhairle an Aontais Eorpaigh moladh⁸ do na Ballstáit cárta páirceála a thabhairt isteach do dhaoine faoi mhíchumas chun go bhféadfaí neamhspleáchas na ndaoine sin a choimeád agus tacú leis an neamhspleáchas sin. Rinneadh an Cead Páirceála do Dhuine Faoi Mhíchumas a bhí mar thoradh air a chumhdach i reachtaíocht na hÉireann leis na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Páirceáil) 1997 (I.R. Uimh. 182/ 1997).



Sonraíonn Airteagal 44 de Rialacháin 1997 réamhluaite é seo a leanas:

- “44(1) Faoi réir fho-airteagal (2) nuair a chuirtear sín tráchta uimhir RRM 015 [Bá Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas], ar fáil, ní féidir feithicil a stopadh ná a pháirceáil ann.”
- “44 (2) Ní bheidh feidhm le fo-airteagal (1) maidir le feithicil ina bhfuil cead páirceála do dhuine faoi mhíchumas ar taispeáint agus atá páirceáilte chun éascaíocht a dhéanamh don té ar ceadáíodh an cead páirceála dóo.”

⁸ Moladh na Comhairle 98/376/CE.

Tá sé soiléir ó na forálacha thuas go bhfuil sé i gceist go mbainfí úsáid as an gCead Páirceála do Dhuine Faoi Mhíchumas (a) ar bhóithre poiblí agus (b) i gcomhar le Banna Páirceála do Dhaoine Faoi Mhíchumas, atá níos mó ná na banna páirceála caighdeánacha chun go mbeidh sé níos éasca dul isteach san fheithicil nó teacht amach aisti.

Ní thugann Rialacháin 1997 cead do dhaoine a bhfuil Cead Páirceála do Dhaoine Faoi Mhíchumas acu banna páirceála eile a úsáid, cé go bhfeictear go gceadaíonn go leor de na húdaráis áitiúla páirceáil saor agus neamhtheoranta i mbánna ar bhóithre poiblí do dhaoine faoi mhíchumas a fhad is go mbíonn Cead Páirceála bailí do Dhaoine Faoi Mhíchumas ar taispeáint, cé nach bhfuil na banna sin ceaptha mar bhanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas. Ina thaobh sin is fiú a fheiceáil de réir Alt 14(1)(b) den Acht nach gcuirfear teanntán “*..ar fheithicil i láthair teanntála reachtúil ar a bhfuil cead páirceála do dhuine faoi mhíchumas, atá fós i bhfeidhm, ar taispeáint, mura bhfuil údar réasúnach ag an rialaitheoir carrchlóis nó ag an oibritheoir teanntála a chreidiúint nach bhfuil an feithicil páirceáilte chun éascaíocht a dhéanamh don té ar ar bronnadh an cead páirceála*”.

In ainneoin a bhfuil thuas, táthar ag súil go mbeadh feithicil a thaispeánann Cead Páirceála reatha do Dhaoine Faoi Mhíchumas páirceáilte i láthair teanntála reachtúil i mbá nach Bá Páirceála do Dhaoine Faoi Mhíchumas í, go mbeadh na rialacha agus na srianta eile a leagann an rialaitheoir páirceála amach maidir le páirceáil sa bhá sin á gcomhlíonadh ag an bhfeithicil.

De bharr na gcastachtaí atá le feiceáil sna forálacha thuas, agus de bharr nach mbaineann úsáid Ceadanna Páirceála do Dhaoine Faoi Mhíchumas go huathoibríoch⁹ le clóis pháirceála phríobháideacha, tá sé ríthábhachtach go gcinnteodh rialaitheoirí páirceála go léiríonn an chomharthaíocht atá i bhfeidhm i láthair teanntála faoina rialú (go háirithe an chomharthaíocht sin in aice le láthair Banna Páirceála Ainmnithe do Dhaoine Faoi Mhíchumas) go soiléir na riachtanais atá ar thiománaithe atá ag iarraidh páirceáil i mbánna den chineál sin¹⁰.

Moltar don rialaitheoir páirceála agus don oibritheoir teanntála gan teanntáil a dhéanamh áit ar bith go mb'fhéidir nach bhfuil sé soiléir - maidir leis na riachtanais nach mór don tiománaí ar mhian leis páirceáil i mBá Páirceála Ainmnithe do Dhaoine Faoi Mhíchumas a chomhlíonadh - trí thagairt a dhéanamh do na rialacha nó do na srianta a leagtar amach ar an gcomharthaíocht i láthair teanntála nach bóthar poiblí é.

⁹ Is faoin rialaitheoir páirceála atá sé na rialacha agus na srianta a chuireann sé i bhfeidhm ar thiománaithe ar mhian leo páirceáil i láthair teanntála faoina rialú a shocrú fós.

¹⁰ Tá na riachtanais sonraithe maidir le méid Banna Páirceála do Dhaoine Faoi Mhíchumas leagtha amach i Lámhleabhar Comharthaí Tráichta na Roinne Iompair, Turasoireachta agus Spóirt agus mar sin, ní chuirtear síos orthu sa cháipéis seo.

Ar deireadh, ba cheart go dtuigfeadh rialaitheoirí páirceála agus oibrithe teanntála go mb'fhéidir go dteastódh níos mó ama ó thiománaí faoi mhíchumas (thar an 'tréimhse chairde') le ticéad 'Íoc agus Taispeáin' a cheannach agus a thaispeáint. Ba cheart riachtanais mar sin a chur san áireamh nuair atáthar ag déanamh cinnidh cibé acu r chóir feithicil a theanntú nó nár chóir. Moltar do rialaitheoirí páirceála ligean do thiománaithe táillí scaoilte teanntáin nó táillí scaoilte feithicle a íoc ar líne, mar go bhfuil tairbhe ar leith le háis mar sin do dhaoine atá bodhar nó a bhfuil moill éistigh orthu.

5.2 Caighdeáin Iompair, Iompraíocht agus Comhlíonadh Dualgas

5.2.1 Ginearálta

Caithfidh gach rialaitheoir páirceála agus oibritheoir agus fostaí teanntála caighdeán iompraíochta gairmiúil agus measúil a choimeád agus iad i mbun dualgas.

5.2.2 Feithiclí Teanntála - Libhré & Bail

Ní foláir do na feithiclí ar fad a úsáidtear do ghníomhaíochtaí teanntála, má úsáidtear iad ar bhóthar poiblí, cloí leis na dlíthe reatha maidir le hárachas, íocaíocht cáin bhóthair, cothabháil (forálacha a bhaineann leis an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán san áireamh, más cuí) agus na dioscaí árachais, cáin bhóthair agus TNG atá riachtanach (más infheidhme) a thaispeáint ar an ngaothscáth tosaigh. Caithfear feithiclí a úsáidtear i gcomhair gníomhaíochtaí teanntála a choinneáil glan, a bheith ródacmhainneach agus oiriúnach don fheidhm agus níor chóir go mbeadh siad ró-lódáilte ná go mbeadh siad lódáilte ar bhealach contúirteach nó baolach.

Ina theannta sin, i gcomhréir le Rialachán 12 de na Rialachán, ní foláir marcanna forordaithe a bheith ar fheithicil a úsáideann an oibritheoir teanntála le haghaidh gníomhaíochtaí teanntála (cé is moite d'fheithicil a úsáideann póilíní cuain, póilíní an aerfoirt nó An Garda Síochána) a bheith ar an bhfeithicil sin a léiríonn go soiléir gur i gcomhair gníomhaíochtaí teanntála a úsáidtear í. Caithfear na marcanna sin, a dtugtar achoimre orthu thíos, a bheith ar taispeáint ar dhá thaobh na feithicle:

- (a) Ainm, sonraí teagmhála agus láithreán gréasáin (má choinníonn an t-oibritheoir teanntála láithreán gréasáin) an oibritheora teanntála sa chaoi go mbeidh na sonraí sin éasca le léamh; agus
- (b) Na focail seo a leanas: “Seirbhísí um Fhorfheidhmiú Páirceála” nó “Parking Enforcement Services”, nó an dá rud, agus méid an téacs nach lú ná 100 milliméadar agus codarsnacht leordhóthanach dathanna ann idir an téacs agus an cúlra le chinntiú gur féidir é a léamh.

5.2.3 Cultacha & Modh Sainaitheantais

Ar chúiseanna éagsúla, ar mhaithe le mothú sábháilteachta agus slándála tiománaithe go háirithe, éilíonn Rialachán 11 de na Rialacháin ar bhall foirne oibritheora teanntála agus ar oibritheoir teanntála (cé is moite de bhall den Gharda Síochána, oifigeach póilíní cuain, oifigeach póilíní an aerfoirt nó maor tráchta) culaith shofheicthe ar leith a chaitheamh ar a bhfuil:

- (a) Ainm an oibritheora teanntála; agus
- (b) Uimhir aitheantais an bhaill foirne atá le feiceáil go soiléir an t-am ar fad.

I gcás gur comhlacht (i.e. duine dlítheanach seachas ‘duine aonair’) é an t-oibritheoir teanntála, beifear ag súil gurb é ainm an chomhlachta (seachas ainm an bhaill foirne aonair) a bheidh luaite ar an gculaith shofheicthe. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh uimhir foirne bhall foirne aonair an oibritheora teanntála le feiceáil ar an gculaith le go mbeidh an tiománaí in ann tagairt a dhéanamh di i gcomhthéacs aon ghearán a dhéanfaí maidir le hiompar an duine aonair sin.

Ina theannta sin, éilíonn Rialachán 11 ar bhall foirne an oibritheora teanntála cárta aitheantais a bheith ar iompar aige ar a bhfuil an t-eolas seo a leanas:

- (a) Ainm agus sonraí teagmhála an oibritheora teanntála (beifear ag súil le hainm agus sonraí teagmhála an chomhlachta anseo - ní ainm agus sonraí teagmhála an bhaill foirne aonair);
- (b) Grianghraf iomlán daite de chineál grianghraf pas den oibritheoir teanntála nó de bhall foirne an oibritheora teanntála, de réir mar a bheidh;
- (c) Uimhir aitheantais uathúil an oibritheora teanntála nó bhall foirne an oibritheora teanntála, de réir mar a bheidh; agus
- (d) Dáta éaga nó tréimhse bailíochta an chárta.

Tá sé de cheart ag tiománaí a bhfuil a fheithicil teanntaithe nó athlonnaithe go láthair eile a iarraidh ar chárta aitheantais baill foirne oibritheora teanntála a fheiceáil. Chun críche na rialacháin is cion coiriúil é mura bhfreastalaítear ar an iarratas sin. Ar an mbealach céanna, is féidir le ball den Gharda Síochána, le maor tráchta nó le duine údaraithe cárta aitheantais baill foirne oibritheora teanntála a scrúdú ag aon am a bhfuil ball foirne an oibritheora teanntála i mbun gníomhaíochtaí teanntáil agus éilítear ar bhall foirne an oibritheora teanntála scrúdú den chineál sin a éascú.

Agus é i mbun gníomhaíochtaí teanntála, cé nach bhfuil sé sonraithe san Acht nó sna Rialachán, measann an NTA go gcomhlíonadh culaith bhall foirne an oibritheora teanntála nó culaith an oibritheora teanntála (cé is moite de bhall den Gharda Síochána, oifigeach póilíní cuain, oifigeach póilíní an aerfoirt nó maor tráchta) na coinníollacha seo a leanas:

Beidh stiall nó píosa fluaraiseach ar thosach agus ar chúl na culaithe, atá leordhóthanach le cinntiú go bhfuil an té atá á caitheamh sofheicthe do thiománaithe le linn uaireanta an dorchadais nó ag aon am eile nach mbíonn an léargas go maith; Coimeádtar glan agus néata í; agus Is féidir í a chaitheamh mar éadach éifeachtach don taobh amuigh le linn na ngnáthdhálaí aimsire a bhíonn in Éirinn go hiondúil.

Ní éilítear ar bhail foirne a bhíonn ag obair san oifig, ar a n-áirítear bail foirne a bhíonn ag déileáil le híocaíochtaí, achomhairc agus gearáin a phróiseáil, culaith a chaitheamh agus iad i mbun na ndualgas sin.

5.2.4 Bailíocht Teagmhais Teanntála/Athlonnaithe

Molann an NTA go ndéanadh rialaitheoirí páirceála agus oibritheoirí teanntála seiceálacha atá réasúnta cuimsitheach chun aon pháirceáil éagórach nó neamhdhleathach dealraitheach a dheimhniú sula dtabharfaidís faoi ghníomhaíochtaí teanntála.

Mar sin féin, má thugann rialaitheoir páirceála nó oibritheoir teanntála faoi deara go ndearnadh feithicil a theanntáil nó a athlonnú de dhearmad, caithfear socruithe a dhéanamh **láithreach** leis an bhfeithicil a thabhairt ar ais don tiománaí. Níor chóir aon táille a ghearradh ar thiománaí maidir le gníomhaíochtaí teanntála, i gcúinsí den chineál sin.

Nuair a athlonnaítear an fheithicil chuig láthair chianda, caithfear socruithe a dhéanamh láithreach le ligeann don tiománaí an fheithicil a fháil ar ais de réir na srianta atá forordaithe i Rialachán 6(f) de na Rialacháin.

5.2.5 Gairmiúlacht & Cúirtéis

Caithfidh gach duine atá i mbun gníomhaíochtaí teanntála, agus bail foirne eile a bhíonn ag déileáil le hábhair teanntála, le linn dóibh a bheith ag déileáil leis an bpobal, ar a n-áirítear daoine a bhfuil a gcuid feithicil á dteanntáil, caithfidh siad a bheith:

- Cúirtéiseach;
- Eolach (maidir le teanntáil agus ábhair pháirceála ghaolmhara); agus
- Cabhrach.

Caithfidh oibritheoirí atá ag obair ar na sráideanna agus baill foirne eile, a bhíonn ag bualadh duine le duine leis an bpobal le linn dóibh a ndualgas a chomhlíonadh, a bheith gléasta go néata agus cuma ghlan a bheith orthu ag aon am a mbíonn siad ar dualgas.

Ní féidir le haon duine a bheith i mbun gníomhaíochtaí teanntála agus é ar meisce, is cuma má tá an mheisce sin de bharr óil é nó aon chineáil druga eile.

Más rud é go n-iompraíonn duine den phobal é féin ar bhealach míréasúnach nó trodach, ba chóir den bhall (nó de na baill) foirne a bhfuil baint acu leis iarracht a dhéanamh an teannas a laghdú, agus murar féidir é sin a dhéanamh, ba chóir dóibh an láthair a fhágáil agus/nó na Gardaí a chur ar an eolas.

Caithfidh lucht foirne atá i mbun teanntála caint nó iompar trodach nó bagrach a sheachaint.

Ba cheart teaicticí a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad ródhíograiseach nó trodach do thiománaithe nó do bhaill eile den phobal a sheachaint. Níor chóir aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a mheas mar ghníomhaíocht a d'fhéadfadh dul i dtír ar dhuine a dhéanamh go háirithe.

Cé nach bhfuil sé forordaithe sa reachtaíocht, molann an NTA nach rachfaí i mbun gníomhaíochtaí teanntála má tá aon duine san fheithicil.

Ina theannta sin, cé nach bhfuil sé mar choinníoll san Acht ná sna Rialacháin, molann an NTA go scaoilfí leis an bhfeithicil mura mbeadh an teanntán faoi ghlas dá dtiocfadh an t-úinéir ar ais a fhad is atáthar ag déanamh socruithe chun an fheithicil a theanntú. Ar an gcaoi chéanna, agus socruithe á ndéanamh chun feithicil a athlonnú, molann an NTA nach leanfar leis an athlonnú dá dtiocfadh an tiománaí ar ais sula gcrochtar dhá roth ar a laghad den talamh.

Ina theannta sin, ba cheart gairmiúlacht agus cúirtéis chuí a chleachtadh an t-am ar fad i gcomhthéacs rialaitheora páirceála agus oibritheora teanntála ag dul i dteagmháil le tiománaithe agus leis an NTA araon i scríbhinn.

5.3 Riachtanais Eile

5.3.1 Oiliúint

Caithfidh rialaitheora páirceála agus oibritheora teanntála a chinntiú go bhfuil na baill foirne ar fad a mbíonn baint acu le gníomhaíochtaí teanntála agus baill foirne eile a bhíonn ag déileáil le hábhair teanntála ábalta na tascanna a sanntar dóibh a dhéanamh. Caithfear oiliúint fhorbartha chuí a chur ar fáil do gach ball foirne a chlúdaíonn eilimintí ginearálta, eilimintí a bhaineann go sonrach leis an obair agus eilimintí dlí a gcuid ról (mar shampla, sláinte agus sábháilteacht). Ní mór taifid ar fhorbairt ghairmiúil a choimeád do na baill foirne uile.

5.3.2 Árachas

Éilítear na rudaí seo a leanas ar rialaitheoir páirceála agus oibritheoir teanntála:

- Árachas dliteanais phoiblí leordhóthanach a bheith i bhfeidhm ag aon am nuair atáthar i mbun gníomhaíochtaí teanntála;
- Árachas dliteanais fostóra leordhóthanach (nuair is infheidhme); agus
- Aon chineál eile árachais a meastar go bhfuil gá leis chun sábháilteacht agus sláine tiománaithe, fostaithe agus tríú páirtithe a mbíonn tionchar dhíreach ag a gníomhaíochtaí teanntála orthu a chosaint.

5.3.3 Beartais Faisnéise

Faisnéis a Choinneáil

Éilítear ar rialaitheoirí páirceála agus oibritheoirí teanntála taifid iomlán de gníomhaíochtaí teanntála a dhéanann siad a choinneáil, de réir na rialachán. Leagan Rialachán 18 amach na taifid teanntála sin nach mór a choinneáil agus an tréimhse gur gá iad a choinneáil.

Is sárú ar na Rialacháin agus ar an gCód Cleachtais seo é má déantar faillí ar na taifid sin a choinneáil sa chaoi a ndéantar foráil di sna Rialacháin.

Faisnéis a Chur ar Fáil

De réir Rialachán 19, éilítear ar rialaitheoir páirceála an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil (sa chaoi agus laistigh den tréimhse a éilítear), má iarrann an NTA nó duine údaraithe thar ceann an NTA í:

- (a) Liosta iomlán de na láithreacha teanntála ar fad atá faoina rialú, ag leagan amach sonraí dá suíomhanna agus dá n-acmhainn pháirceála (más ann di), an táille chuí nó

na táillí cuí is infheidhme (más ann di nó dóibh) agus aon eolas eile a bheadh sé réasúnach a iarraidh;

- (b) Fianaise a thaispeánann gurb é an rialaitheoir páirceála an t-úinéir tairbhiúil, an léasaí nó an t-áititheoir ar láthair teanntála atá faoina rialú, nó fianaise a thaispeánann go bhfuil an rialaitheoir páirceála údaraithe ag an úinéir tairbhiúil, an léasaí nó an t-áititheoir chun dul i mbun gníomhaíochtaí teanntála ag an láthair teanntála; agus
- (c) Na taifid ar fad nó na taifid shonraithe a bhaineann le gníomhaíochtaí teanntála a tharla i láithreacha teanntála atá leagtha amach i bhfo-alt (a).

Tugann Rialachán 19(d) an chumhacht don NTA nó do dhuine údaraithe taifid shonraithe a bhaineann le gníomhaíochtaí teanntála a rinne an t-oibritheoir teanntála, nó a bhail foirne a iarraidh (sa chaoi agus laistigh den tréimhse a éilítear).

Is sárú ar na Rialacháin agus ar an gCód Cleachtais seo é má déantar faillí ar na taifid sin a chur ar fáil sa chaoi a ndéantar foráil di sna Rialacháin.

De réir Rialachán 19, éilíonn an NTA ar rialaitheoirí páirceála (agus ar oibritheoirí teanntála i gcás go gcuireann an rialaitheoir páirceála de fhreagracht ar oibritheoir teanntála an nós imeachta achomhairc chéadchéime a chomhlíonadh) staitisticí cuimsitheacha a chur ar fáil maidir leis an bpróiseas achomhairc céadchéime maidir le gach bliain féilire.

Ba chóir an fhaisnéis sin a chur ar fáil don NTA tráth nach déanaí ná 15 Eanáir na bliana dar gcionn agus ba chóir na hachomhairc sin ar glacadh leo agus nár glacadh leo a liostú go soiléir chomh maith leis an mbonn a bhí faoi na hachomhairc agus an mbonn ar ar glacadh/nár glacadh leo a chatagóiriú tríd is tríd.

Na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí

Éilítear ar rialaitheoirí páirceála agus ar oibritheoirí teanntála a chinntiú go comhlíonfar an reachtaíocht ar Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (“RGCS”) i gcónaí.

Oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá feidhm le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (Uimh. 32 de 2003) agus Airteagal 6 de Rialachán 2008 Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) (I.R. Uimh. 391/2008) maidir le comharthaíocht ag láithreacha teanntála reachtúla.

Ba chóir do rialaitheoirí páirceála láithreacha teanntála eolas a chur ar na riachtanais sin agus a chinntiú go gcloítear leo i gcónaí.

6 Eolas don Tiománaí

Tá sé i gceist leis an gcuid seo den Chód Cleachtas míniú a thabhairt ar phríomheilimintí na reachtaíochta teanntála, agus iad simpliú a nuair is féidir é, chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag tiománaithe ar na freagrachtaí atá de dhualgas ar gach páirtí. Is iad na páirtithe sin:

- An rialaitheoir páirceála (an páirtí a bhfuil sé de fhreagracht air an dlí nó na rialacha atá infheidhme do pháirceáil san áit sin a fhorfheidhmiú¹¹);
- An t-oibritheoir teanntála (an té atá údaraithe ag an rialaitheoir páirceála chun gníomhaíochtaí teanntála a dhéanamh thar ceann an rialaitheora páirceála agus tá ball foirne an oibritheora teanntála san áireamh leis); agus
- Na tiománaithe iad féin.

6.1 Úsáid Carrchlóis Phríobháidigh

Is féidir a bheith ag súil leis le réasún go mbeadh bealach ag tiománaí buneolas a fháil ar an láthair a bhfuil siad ag dul isteach ann nuair a shroicheann siad carrchlós. Is é an príomhbhealach atá ag rialaitheoirí páirceála chun an chuspóir sin a bhaint amach ná le chomharthaíocht atá socraithe ag an mbealach isteach agus ar fud an charrchlóis.

6.1.1 Ionchais Réasúnacha

- Áit ar bith a bhfuil gníomhaíochtaí teanntála ag tarlú (láithreacha teanntála), éilítear comharthaíocht faisnéise teanntála atá feiceálach agus éasca le léamh ag gach bealach isteach d'fheithicil go dtí an láthair.
- Socróidh an chomharthaíocht ag an mbealach isteach na príomhthearmaí, na coinníollacha agus na srianta páirceála etc a bhaineann le láthair teanntála ar leith.
- Ba chóir comharthaí breise a bheith laistigh den láthair, sa chaoi is go gcuirfí ar an eolas thú faoi gníomhaíochtaí teanntála tar éis duit d'fheithicil a pháirceáil agus sula bhfágfaidh tú an láthair teanntála de shiúl na gcos.
- Caithfidh na rudaí seo a leanas a bheith ar gach comhartha faisnéise teanntála, ag an mbealach isteach agus laistigh den láthair teanntála: an siombail teanntála (mar a taispeántar í), léiriú go bhfuil gníomhaíochtaí teanntála ag tarlú ar an láthair sin, ainm agus sonraí teagmhála an oibritheora teanntála (chun teagmháil a dhéanamh leis má tá d'fheithicil teanntaithe nó athlonnaithe), sonraí achomair ar na srianta agus na toirmisc atá i bhfeidhm ag an láthair teanntála sin agus an táille bainte teanntán agus an táille athlonnaithe feithicle (más ann díobh) etc.

¹¹ Ní chlúdaíonn téarma 'rialaitheoir páirceála' ball den Gharda Síochána ná maor tráchta atá údaraithe sa chaoi sin.

Siombailí Teanntála



6.1.2 Freagrachtaí agus Ceanglais

Chomh luath is atá a fhios agat go bhfuil tú ag dul isteach i láthair teanntála, moltar duit na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

Eolas a chur ar na príomhthéarmaí, coinníollacha, srianta, toirmisc agus táillí, ar a n-áirítear an táille scoilte teanntán atá i bhfeidhm maidir le feithicil atá páirceáilte laistigh den láthair.

Nuair nach bhfuil faisnéis mar sin sonraithe ar an gcomhartha, ní mór dó a chur in iúl an áit a bhfuil sonraí breise ar na téarmaí, na coinníollacha, na srianta agus na toirmisc infheidhme le fáil; agus moltar duit aird a thabhairt ar na treoracha sin maidir leis an áit a bhfuil fhaisnéis sin ar fáil.

Sula bhfágann tú an láthair teanntála, **an bhfuil tú ar an eolas faoi na rudaí seo a leanas:**

- Na téarmaí, na coinníollacha, na srianta agus na toirmisc atá i bhfeidhm laistigh den láthair.
- Na laethanta agus na huaireanta ar a mbíonn na srianta páirceála i bhfeidhm. Mura bhfuil tú cinnte, glac leis go bhfuil siad i bhfeidhm ar bhonn 24/7.
- Cúrsaí íocaíochta agus conas íocaíocht a dhéanamh más gá sin.
- Na rudaí a tharlóidh mura gcloíonn tú leis na téarmaí agus na coinníollacha etc is infheidhme . i.e. teanntáil feithicle, athlonnú feithicle etc.
- Na srianta atá infheidhme don áit a bhfuil d'fheithicil páirceáilte má tá srianta difriúla i bhfeidhm do chodanna difriúla de láthair.

Is í an chomhairle is tábhachtaí ná – **léigh an chomharthaíocht teanntála ar an mbealach isteach agus laistigh den láthair go cúramach.**

Ag glacadh leis go gcomhlíonann an chomharthaíocht atá ar fáil an reachtaíocht infheidhme, ba cheart go mbeadh an oiread eolais agat agus a theastaíonn uait chun dóthain réamhfhógra a thabhairt duit faoi ghníomhaíochtaí teanntála laistigh de láthair.

6.2 Páirceáil Sráide

Cé nach bhfuil feidhm ag na ceanglais comharthaíochta atá forordaithe i gCuid 5 de na Rialacháin i gcomhthéacs páirceála sráide (is iad Fodhlíthe Údaráis Áitiúil a rialaíonn sin), tá sé de dhualgas ar an tiománaí aird a thabhairt ar an gcomharthaíocht, ar na marcanna bóthair agus ar Rialacha an Bhóthair ag gach am agus é ag páirceáil ar an tsráid.

6.2.1 Comharthaí

- Má táthar ag páirceáil laistigh de láthair íoc agus taispeáin / dioscpháirceála, beidh srianta páirceála sonraithe ar chomharthaíocht atá an-ghar den láthair / bá ina bhfuil tú páirceáilte – bí cinnte go ndéanann tú athbhreithniú cúramach ar an bhfaisnéis atá ar na comharthaí sin chomh luath is a bheidh d'fheithicil páirceáilte agat.
- Má tá tú ag páirceáil lasmuigh de láthair íoc agus taispeáin / dioscpháirceála, bí ar an eolas faoi shrianta eile a d'fheadfadh a bheith infheidhme, amhail srianta a bhaineann le línte buí dúbailte nó singil, bána lódála, glanbhealaí, rothar-raonta, ionaid tacsaithe, agus / nó aon srian áitiúil eile (amhail foisceacht pháirceála d'acomhail atá in aice láimhe). Chun tuilleadh soiléiriú a fháil ar shrianta páirceála, moltar do thiománaithe tagairt a dhéanamh d'Alt 10 i Rialacha an Bhóthair agus tá sé sin ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Fodhlíthe Údaráis Áitiúil

Is iondúil gur féidir faisnéis bhreise faoi na rialacha, 'Fodhlíthe', a bhaineann le páirceáil ar an tsráid a rochtain trí breathnú ar láithreán gréasáin an Údaráis Áitiúil chuí.

6.3 Faisnéis Ghinearálta

6.3.1 Córais Íocaíochta Páirceála - Feidhmiúlacht & Inúsáideacht

Cé go bhfuil réimse leathan de roghanna íocaíochta páirceála á n-úsáid chun páirceáil ar an tsráid agus i gcarrchlóis phríobháideacha a bhainistiú, is féidir iad a chatagóiriú, tríd is tríd, mar seo a leanas:

1. Íoc & Taispeáin

-
2. Córais Pháirceála Fhíorúla atá bunaithe ar chlárúimhreacha feithiclí lena n-áirítear úsáid a bhaint as córais réamháirithinte agus réamhíocaíochta ‘SMS’, teileafóin nó ar líne
 3. Páirceáil Réamhíochta:
 - a. **Séasúrach** – cártaí fisiciúla páipéir nó plaisteacha nó ceadanna fíorúla bunaithe ar chlárúimhreacha feithiclí
 - b. **Teagmhas Aonair** – mar shampla, Scríobcháirteá nó feithiclí atá cláraithe ar scéimeanna páirceála fíorúla ag forbraíochtaí árasán cónaithe.

Uaireanta, úsáidtear na roghanna íocaíochta thuas ina n-aonair ach is minice a úsáidtear iad mar rogha ‘ceann amháin/ceann eile’ maidir le híocaíochtaí/comhlíontacht. Dá bharr sin, ba cheart do thiománaithe a bheith ar an eolas nach féidir córais dhifriúla a úsáid lena chéile má chuirtear córais dhifriúla ar fáil mar roghanna malartacha.

Íoc & Taispeáin

Mar atá soiléir ón ainm féin, tá dhá chritéar i gceist le córais ‘Íoc & Taispeáin’ nach mór do thiománaithe a shásamh:

1. An muirear oiriúnach don achar ama páirceála atá beartaithe a íoc; agus
2. An ticéad páirceála a eisiúnn an t-uathdhíoltóir ticéad (TVM) ag an am a íoctar as an bpáirceáil (agus an t-am éaga soléite ó thaobh amuigh den fheithicil) an t-am ar fad a mbíonn an fheithicil páirceáilte sa láthair teanntála.

Ba chóir do thiománaithe a thabhairt faoi deara nach ndéanfaidh sé cúis a léiriú go bhfuil íocaíocht déanta as páirceáil i gcomhthéacs láithreacha teanntála Íoc & Taispeáin, ní mór an ticéad a bheith ar taispeáint freisin ar an mbealach ata sonraithe.

Scéimeanna Íocaíochta Páirceála Fíorúla

Tá Scéimeanna Íocaíochta Páirceála Fíorúla, mar shampla APCOA Connect, Parking Tag etc., bunaithe ar úsáideoirí seirbhíse (a) ag clárú le soláthraí seirbhíse (i.e. beidh siad ina sealbhóirí cuntais) nó (b) ag clárú a gclárúimhreacha feithiclí trí SMS ‘aonuaire’ a sheoladh, nó trí idirbheart áirithinte agus íocaíochta a dhéanamh ar líne.

D’fhéadfadh an-éagsúlacht a bheith ann ó scéim go chéile ó thaobh fheidhmíocht an chórais agus an t-eolas a thugtar do thiománaithe. Tá sé seo fíor go háirithe i gcomhthéacs na teanntála áit a bhfuil an fhaisnéis a thugtar maidir le (a) ceanglais úsáide na scéimeanna íocaíochta agus (b) na himpleachtaí a bhíonn ann mura gcloítear leis na ceanglais úsáide sin, ríthábhachtach.

An rud ag croílár gach scéim íocaíochta páirceála fhíorúil ná an chaoi a mbíonn an oibritheoir carrchlóis, agus an rialaitheoir páirceála agus an oibritheoir teanntála dá réir sin, ag brath ar shonraí na feithicle, ar an láthair agus ar an sliotán ama agus dáta a theastaíonn a thaifeadaíonn an tiománaí ag an am a dhéantar an íocaíocht páirceála.

Tá sé fíorthábhachtach mar sin go mbíonn tiománaithe chomh haireach agus is féidir nuair atá cláruimhir na feithicle, an dáta agus an tréimhse ama le bheith clúdaithe ag an idirbheart páirceála á dtaifead acu le linn dóibh an tseirbhís pháirceála fhíorúil a úsáid.

Feithiclí Iolracha/ Feithiclí Réamhshocráithe

I gcomhthéacs na dteicneolaíochtaí páirceála sin a thugann an deis do thiománaithe clárú agus a bheith ina sealbhóirí cuntais, tugann an NTA faoi deara go gceadaíonn go leor córas do thiománaithe roinnt feithiclí a chur lena gcuntais. Tugann an NTA faoi deara freisin go dtarlaíonn go leor teagmhas teanntála de bharr go dteipeann ar an tiománaí an fheithicil cheart a roghnú ag an am a íocann sé as an tseirbhís páirceála. I gcásanna áirithe is de bharr dearmaid a tharlaíonn sé seo, agus i gcásanna eile is iad na ‘réamhshocrúithe’ atá ag an teicneolaíocht is cúis leis.

Moltar do thiománaithe dá réir sin a bheith cúramach nuair atá siad ag ceannach páirceáil trí chuntas ar a liostaítear níos mó ná feithicil amháin. Moltar do thiománaithe impleachtaí aon shocrú ‘réamhshocrúithe’ ar an teicneolaíocht pháirceála a thuiscint go háirithe agus ar deireadh moltar do thiománaithe aird a thabhairt ar aon ‘Cheisteanna Coitianta’(CCanna) nó aon fhíseán faisnéiseach a chuireann an soláthróir teicneolaíochta páirceála ar fáil.

Páirceáil Réamhíochta

Tugann roinnt mhaith láithreacha páirceála na roghanna seo a leanas dá gcustaiméirí agus dá mbaill foirne:

- **Páirceáil Séasúir** – cártaí fisiciúla páipéir nó plaisteacha nó ceadanna fóirúla bunaithe ar chláruimhreacha feithiclí ar bhonn míosúil, ráthúil, bliantúil m.sh. pasanna páirceála bliantúla do stáisiún traenach, nó
- **Páirceáil Aonuaire** – m.sh. Scríobcháirteá lena n-áirítear ceadanna páirceála údaráis áitiúil do chuariteoirí nó páirceáil chuariteoirí ag scéimeanna árasán cónaithe.

Féadfaidh na ceadanna sin a bheith i bhformáid fhisiciúil a thaispeántar ar an bhfeithicil pháirceáilte nó i bhformáid fhíorúil.

I gcomhthéacs ceadanna fhíorúla, tá sé de dhualgas ar an tiománaí a chinntiú go bhfuil siad eolach ar na dátaí éaga ábhartha. I gcomhthéacs ceadanna fhisiciúla, tá sé ríthábhachtach go gcloíonn an tiománaí go dílis leis na rialacha a bhaineann le na ceadanna sin a bheith ar

taispeáint. Maidir le ceadanna páirceála do theagmhais aonuaire amhail ‘scríobcháirtaí’ údaráis áitiúil, tá sé ríthábhachtach go mbíonn an tiománaí cúramach á scríobadh lena chinntiú nach mbeidh aon mhearbhall ann maidir leis an tréimhse páirceála a chlúdaítear.

6.3.2 Páircéail le Cead Páirceála (Cónaitheoirí & Cuarteoirí)

Tá an t-eolas seo a leanas ábhartha nuair atá páircéail le cead cónaitheoirí príobháideacha i bhfeidhm i bhforbraíochtaí tithíochta (lena n-áirítear limistéir páirceála le cead cónaitheoirí sainithe laistigh de limistéir páirceála príobháideacha eile), nach bhfuil faoi chúram Údaráis Bóithre.

Feithicil Nua

Tá sé de fhreagracht ar chónaitheoir nach raibh feithicil aige ag an am a ndeachaigh sé/sí chun cónaí i bhforbraíocht chónaithe, a chinntiú go bhfuil sé eolach go hiomlán ar an eolas faoi na téarmaí agus na coinníollacha infheidhme, sula gceannaíonn sé feithicil agus sula bpáirceálann sé í laistigh de cúirtealáiste an ionaid tithíochta.

I gcomhthéacs na suíomhanna ina bhfuil scéim páirceála le cead fisiciúil cónaitheora ag feidhmiú; tá sé de dhualgas ar chónaitheoir chomh maith a chinntiú go dtéann sé i dteagmháil leis an rialaitheoir páirceála chun cead a fháil a fheithicil a pháircéail sa limistéar teanntála fad is atá sé ag fanacht ar an gcead fisiciúil.

Athrú Feithicle

Nuair atá cead páirceála reatha cónaitheora ag cónaitheoir, agus nuair atá an fheithicil ábhartha a eisíodh an cead ina leith diúscartha agus feithicil eile ceannaithe ina háit, ba chóir dó an rialaitheoir páirceála a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir agus údarú a iarraidh chun an fheithicil nua a pháircéail san fhorbraíocht (de réir na rialacha a bhaineann le páirceáil chónaitheoirí), a fhad is atá sé ag fanacht go n-eiseofar an cead ionaid.

Athnuachan Ceada

Cé go molann an NTA go dtabharfadh rialaitheoirí páirceála tréimhse réasúnach ama do chónaitheoirí chun nósanna imeachta athnuachana ceada a chríochnú, tá sé de dhualgas ar chónaitheoirí fós cloí le riachtanais scéime athnuachana go sciobtha.

Cónaitheoirí Nua

Moltar do chónaitheoirí nua athbhreithniú cúramach a dhéanamh ar an gcomharthaíocht ag an mbealach isteach chuig an ionad cónaithe agus ar fud an ionaid, chun a chinntiú go bhfuil siad eolach ar na rialacha agus na srianta is infheidhme sula bpáirceálann siad laistigh den chúirtealáiste tithíochta.

Páirceáil Cuardteoirí

Tá sé de dhualgas ar chuardteoirí a bheith ar a n-aire nuair atá siad ag cloí le treoracha / critéir a leagann rialaitheoir páirceála amach maidir le húdarú chun páirceáil laistigh de láthair cuardteoirí i láthair teanntála. Moltar do chuardteoirí freisin athbhreithniú cúramach a dhéanamh ar an gcomharthaíocht chun a chinntiú go bhfuil siad eolach ar na rialacha agus srianta páirceála atá infheidhme.

6.4 Tá d’Fheithicil Teanntaithe / Athlonnaithe - Céard a Tharlóidh Anois?

6.4.1 Dul i dTeagmháil leis an Oibritheoir Teanntála

Ba chóir do tiománaí a fhaigheann amach go bhfuil a fheithicil teanntaithe nuair a fhilleann sé ar láthair teanntála tagairt a dhéanamh don chomharthaíocht atá crochta chun ainm agus sonraí teagmhála an oibritheora teanntála a fháil.

Cé nach bhfuil sé soiléir sa reachtaíocht teanntála, éilítear ar oibritheoirí teanntála a chinntiú go bhfuil a línte teileafóin ag obair an t-am ar fad chun éascaíocht a dhéanamh don tiománaí íocaíocht a dhéanamh. Is féidir le tiománaithe a bheith ag súil le réasún dá réir sin go mbeidh siad in ann cumarsáid a dhéanamh le hoibritheoir teanntála laistigh d’achar gearr ó iarracht a dhéanamh dul i dteagmháil le ceann.

Dá dtarlódh sé go mbeadh deacrachtaí ag tiománaí atá ag déanamh iarrachta teagmháil a dhéanamh le hoibritheoir teanntála, moltar dó iarracht a dhéanamh teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir páirceála ar bhealaí eile m. sh. ar líne, ar r-phost etc.

6.4.2 An Táille Scaoilte Teanntán / Athlonnaithe a Íoc

Éilíonn Rialachán 14(b) de na Rialacháin ar rialaitheoir páirceála agus / nó ar oibritheoir teanntála socruithe réasúnacha a dhéanamh chun íocaíocht láithreach an táille scaoilte teanntáin nó an táille athlonnaithe a éascú. Ba chóir go mbeifí in ann íocaíocht a dhéanamh ar dhá mhodh, ar a laghad, de na modhanna seo a leanas:

- Airgead tirim;
- Cárta (dochair nó creidmheasa);
- Córas íocaíochta dearbhán (nuair atá córas íocaíochta den chineál ceadaithe ag an NTA); nó
- Modh eile a d’fhéadfadh a bheith ceadaithe ag an NTA.

Nuair atá áis íocaíochta ar líne nó ar an bhfón curtha ar fáil ag rialaitheoir páirceála chun tacú lena hoibriúcháin teanntála, bheadh sé réasúnach go mbeadh tiománaí ag súil go mbeadh sé sin ag feidhmiú ina iomláine i dtólamh. Moltar do thiománaithe a bheith aireach nuair atá siad ag déanamh íocaíochtaí trí áiseanna den chineál sin, chun a chinntiú nach mbeidh aon fhadhb neamhriachtanach ann.

Mar an gcéanna nuair a ghlacann rialaitheoir páirceála nó oibritheoir teanntála le híocaíocht le gléas láimhe léite cártaí, bheadh sé de cheart ag tiománaí a bheith ag súil go mbeadh an gléas sin ag feidhmiú ina iomláine an t-am ar fad. Má tá gléas den chineál sin ag brath ar chomhartha idirlín agus má tá an comhartha sin lag nó mura bhfuil sé ar fáil i limistéar teanntála áirithe, ní féidir a éileamh ar an tiománaí (nó ar dhuine den phobal atá ag iarraidh an táille ábhartha a íoc) an láthair teanntála a fhágáil (mar shampla, le dul go dtí áit a bhfuil rochtain níos fearr ar an idirlíon) chun íocaíocht a dhéanamh.

Nuair atá tiománaí ag iarraidh íocaíocht a dhéanamh le hairgead tirim, ní mór don rialaitheoir páirceála nó don oibritheoir teanntála freastal ar iarratas den chineál sin. Mar sin féin, tá sé de dhualgas ar an tiománaí (nó ar an íocóir) a chinntiú go bhfuil a dhóthain airgid á iompar aige chun an táille chuí a íoc sula ndéanfadh sé teagmháil leis an rialaitheoir páirceála nó leis an oibritheoir teanntála scaoileadh na feithicle a iarraidh.

Níor chóir do rialaitheoir páirceála nó d'oibritheoir teanntála riamh dul in éineacht (de chois nó i gcarr) le tiománaí nó le ball den phobal atá ag iarraidh íocaíocht a dhéanamh le hairgead tirim, go ATM chun airgead a aistarraingt chun an táille chuí a íoc.

Níl éisiúint admhála tar éis íocaíocht na táille cuí sainordaithe ag an reachtaíocht teanntála. Ní gnách go n-eiseofaí admhálacha i leith íocaíochtaí arna ndéanamh ar an bhfón, le cárta íocaíochta nó le córas dearbhán. Mar sin féin, má tá an táille ábhartha íoctha ag duine den phobal agus go n-iarann sé admháil íocaíochta i scríbhinn ón rialaitheoir páirceála nó ón oibritheoir teanntála pé ar bith modh íocaíochta, caithfear admháil i scríbhinn a eisiúint don duine sin.

6.4.3 Tréimhse ama chun Teanntán / Feithicil a Scaoileadh

Éilíonn Rialachán 6 de na Rialacháin go gcaithfear teanntáin a bhaint d'fheithicil tráth nach déanaí ná dhá uair tar éis go n-íoctar na táille cuí nó tar éis go gcinntear go dtarscaoiltear an táille.

Ar mhaithe le sábháilteacht agus leas an phobail agus sa mhéid go bhfuil sé indéanta leis na srianta tíreolaíochta, áfach, molann an NTA go ndéanfaí gach iarracht an tréimhse sin a laghdú go suntasach sna cúinsí seo a leanas:

-
- Le linn uaireanta dorchadais;
 - Nuair atá an limistéar teanntála iargúlta nó nuair nach bhfuil soilse maithe ann;
 - Nuair a thagann sé chun solais go bhfuil an tiománaí aosta, faoi mhíchumais nó in éineacht le páistí óga;
 - Nuair atá an fheithicil athlonnaithe laistigh den limistéar teanntála ach nuair nach bhfuil an tiománaí in ann rochtain a fháil air chun foscadh nó fothain a fháil i gcás drochaimsire nó buarthaí sábháilteachta.

6.4.4 Achomhairc Teanntála & Nósanna Imeachta Gearán

Achomhairc Teanntála

De réir na reachtaíochta teanntála, tá úinéir feithicil nó an duine atá i bhfeighil feithicle atá teanntaithe nó athlonnaithe (an tiománaí) i dteideal achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinneadh an fheithicil a theantú nó a athlonnú. Tá próiseas achomhairc dhá chéim bunaithe don chuspóir sin:

1. Próiseas Achomhairc Chéadchéime

Caithfidh an tiománaí achomharc céadchéime a dhéanamh, i scríbhinn nó go leictreonach don rialaitheoir páirceála atá freagrach as an teagmhas teanntála / athlonnaithe. Ba chóir don rialaitheoir páirceála eolas faoin gcaoi le hachomharc céadchéime a dhéanamh a chur ar fáil don tiománaí ar an bhfógra a chuirtear ar fáil ag am na teanntála. Ní mór an t-achomharc céadchéime tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis na teagmhas teanntála / athlonnaithe, agus ba cheart é sa chaoi a shonraíonn an rialaitheoir páirceála. Éilítear ar an rialaitheoir páirceála ansin a chinneadh a dhéanamh agus an tiománaí a chur ar an eolas i scríbhinn faoina dtoradh, laistigh de 21 lá ó fuarthas an t-achomharc chéadchéime.

2. Próiseas Achomhairc Dara Céime

Tá tiománaithe nach bhfaigheann toradh fabhrach ón bpróiseas achomhairc céadchéime (na cásanna inar tugadh aisíoc i bpáirt ar an táille scaoilte teanntáin san áireamh) i dteideal achomharc breise (achomharc na dara céime) a dhéanamh don Oifigeach um Achomhairc ar Theanntáil atá ainmnithe ag an NTA laistigh de 30 lá ó litir chinnidh na céadchéime a fháil ón rialaitheoir páirceála¹².

Tá sé d'oibleagáid ar an Oifigeach um Achomhairc ar Theanntáil cinneadh a dhéanamh ar achomharc dara céime incháilithe laistigh de 42 lá ó na hamanna seo a leanas:

¹² Is fiú na pointí seo a leanas a lua: (a) meastar go dtosaíonn an tréimhse 30 lá ar an lá a fhaigheann an tiománaí cinneadh an achomhairc céadchéime, agus (b) caithfear cóip de chinneadh achomhairc céadchéime an rialaitheora páirceála a chur san áireamh leis an achomharc dara céime.

-
- (a) An lá a fhaightear an t-achomharc comhlánaithe;
 - (b) An lá a fhaightear aon faisnéis bhreise a iarrtar; nó
 - (c) Am éaga na tréimhse ama chun faisnéis bhreise a iarrtar a fháil, cibé acu is deireanaí.

Gearáin Teanntála

Chomh maith leis an bpróiseas achomhairc dhá chéim a bhfuil achoimre air thuas, éiligh an reachtaíocht teanntála ar an NTA Nós Imeachta Gearán a bhunú chun gearáin ó bhail den phobal maidir leo seo a leanas a mheas:

- Comhlíonadh freagrachtaí ag rialaitheoirí páirceála.
- Iompar, iompraíocht agus sainaitheint oibritheoirí teanntála.
- Moill, nach bhfuil gá léi, ag rialaitheoirí páirceála nó ag oibritheoirí teanntála maidir le gearáin nó cumarsáid eile ó bhail den phobal a fhreagairt.
- Aithint feithiclí arna n-úsáid ag oibreoirí teanntála (lena n-áirítear lógónna, greamáin agus fógra ar na feithiclí sin).

Is féidir gearán teanntála a dhéanamh tríd an fhoirm ábhartha a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig an NTA laistigh de 60 lá ón teagmhas ba chúis leis an ngearán. Meastar go dtosaíonn an tréimhse 60 lá ar lá an teagmhais. Tá sé mar oibleagáid ar an NTA cinneadh a dhéanamh maidir le haon ghearán incháilithe laistigh de 42 lá ó na hamanna seo a leanas:

- (a) An lá a fhaightear an gearán comhlánaithe; nó
- (b) An lá a fhaightear aon faisnéis bhreise a iarrtar, nó
- (c) Am éaga na tréimhse ama chun faisnéis bhreise a iarrtar a fháil, cibé acu is deireanaí.

Is féidir tuilleadh eolais maidir le na Nósanna Imeachta Achomharc agus Gearán a fháil sa [rannóg Teanntála Feithiclí](#) de láithreán gréasáin an NTA.

6.4.5 Cúirtéis

Tá sé an-réasúnach do thiománaí a bheith ag súil go mbeadh gach duine a bheadh i mbun gníomhaíochtaí teanntála go díreach, chomh maith le haon bhall foirne eile a mbeadh freagracht orthu le déileáil le hábhair teanntála:

- Cúirtéiseach agus múinte;
- Eolach (maidir le teanntáil agus ábhair pháirceála ghaolmhara);
- Cabhrach;

- Gléasta go néata de réir na gcaighdeán culaithe a leagtar amach sna Rialacháin agus
- De chuma glan agus iad ag déileáil le baill den phobal, go háirithe leis na daoine ar leo na feithiclí a bhfuil gníomhaíochtaí teanntála á ndéanamh orthu.

Mar an gcéanna, táthar ag súil go mbeadh baill den phobal, na tiománaithe a bhfuil a gcuid feithicil teanntaithe san áireamh, chomh cúirtéiseach céanna leo siúd atá i mbun gníomhaíochtaí teanntála.

Nuair a iompraíonn an té atá i mbun gníomhaíochtaí teanntála (oibritheoir teanntála) é féin ar bhealach atá míréasúnach nó bagrach, ba cheart don tiománaí tarraingt siar ó theagmháil dhíreach agus / nó na Gardaí a chur ar an eolas nuair is cuí. Ba chóir don tiománaí gearán foirmiúil a chur isteach freisin chuig an NTA de réir ar [Nós Imeachta Gearán](#).

6.5 Cead Páirceála do Dhuine Faoi Mhíchumas- Úsáid & Teorainneacha

Tá scéim na gCeadanna Páirceála do Dhuine Faoi Mhíchumas ceaptha chun go gcoinneoidh daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a gcuid neamhspleáchais. Is mór an chúnadh í mar sin do thiománaithe atá faoi mhíchumas.



Mar atá soiléir ón reachtaíocht náisiúnta rialaithe¹³ tá sé i gceist go n-úsáidfí an Cead Páirceála do Dhuine Faoi Mhíchumas go príomha:

- Ar bhóithre poiblí, **agus**
- I gcomhar le Banna Páirceála do Dhaoine Faoi Mhíchumas, atá níos mó ná na banna páirceála caighdeánacha chun go mbeidh sé níos éasca dul isteach agus tuirlingt ón bhfeithicil.

¹³ Ná Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht & Páirceáil), 1997.

Ní thugann an Cead Páirceála do Dhuine Faoi Mhíchumas teidlíochtaí páirceála ach i láithreacha ina gceadaítear páirceáil. Níl cead ag aon tiománaí páirceáil i nglanbhealaí, i mbánna lódála nó ar línte buí dúbailte (mar shampla).

Cé nach mbaineann úsáid Ceadanna Páirceála do Dhaoine Faoi Mhíchumas go sonrach le bánna páirceála eile, tugtar faoi deara go gceadaíonn go leor de na húdaráis áitiúla páirceáil saor agus neamhtheoranta i mbánna ar bhóithre poiblí do dhaoine faoi mhíchumas a fhad is go mbíonn Cead Páirceála bailí do Dhaoine Faoi Mhíchumas ar taispeáint, cé nach bhfuil na bánna sin ceaptha mar bhánna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas. Is fiú a thabhairt faoi deara freisin, de réir Alt 14(1)(b) den Acht, nach gcuirfear teanntán "...ar fheithicil i láthair teanntála reachtúil ar a bhfuil cead páirceála do dhuine faoi mhíchumas, atá fós i bhfeidhm, ar taispeáint, mura bhfuil údar réasúnach ag an rialaitheoir carrchlóis nó ag an oibritheoir teanntála a chreidiúint nach bhfuil an feithicil páirceáilte chun éascaíocht a dhéanamh don té ar ar bronnadh an cead páirceála".

In ainneoin a bhfuil thuas, táthar ag súil go mbeadh feithicil a thaispeánann Cead Páirceála reatha do Dhaoine Faoi Mhíchumas páirceáilte i láthair teanntála reachtúil i mbá nach Bá Páirceála do Dhaoine Faoi Mhíchumas í, go mbeadh na rialacha agus na srianta eile a leagann an rialaitheoir páirceála amach maidir le páirceáil sa bhá sin á gcomhlíonadh ag an bhfeithicil.

De bharr na gcastachtaí, atá le feiceáil ón méid thuas, agus de bharr nach mbaineann úsáid Ceadanna Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas go huathoibríoch le carrchlóis phríobháideacha, tá sé ríthábhachtach go dtabharfadh tiománaithe atá ag iarraidh páirceáil i mBánna Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas aird ar leith ar na rialacha a bhaineann le páirceáil i láithreacha den chineál sin, mar atá leagtha amach ar an gcomharthaíocht atá crochta.

Tá faisnéis chuimsitheach maidir le córas na gCeadanna Páirceála do Dhuine faoi Mhíchumas ar a n-áirítear sonraí ar an mbealach le hiarratas a dhéanamh le fáil ar [láithreán gréasáin Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann](#) agus ar [láithreán gréasáin Chumann Thiománaithe faoi Mhíchumas na hÉireann](#).

6.6 Baint Neamhúdaraithe Teanntáin

De réir Alt 32 den Acht, aon duine, nach bhfuil údaraithe, a bhaineann feiste doghluaisteachta (i.e. teanntán) ó fheithicil nó a dhéanann iarracht feiste a bhaint, déanann sé coir agus tá sé faoi dhliteanas go dtabharfaidh an Garda Síochána os comhair cúirte é agus go ngearrfar pionós coiriúil air.